

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

AN TEASTAS SÓISEARACH

**CÚRSA AN DARA BLIAIN AGUS AN
TRÍÚ BLIAIN I LÉANN CLASAICEACH**

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ.

AN TEASTAS SÓISEARACH

AIDHMEANNA AGUS PRIONSABAIL

Is í aidhm ghinearálta an oideachais oibriú ar mhaithe le forbairt a dhéanamh ar gach gné den duine aonair, ag cur san áireamh forás aeistéitiúil, cruthaitheach, léirmheastach, cultúrtha, mothúchánach, tromchiallach, intleachtach, morálta, fisiceach, polaitiúil, spioradálta agus sóisialta, le haghaidh a shaoil phearsanta agus baile, le haghaidh an tsaoil oibre agus le haghaidh maireachtála i measc an phobail agus le haghaidh caitheamh aimsire.

Is í aidhm chlár an Teastais Shóisearaigh

- an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na hinniúlachtaí a thugann an dalta leis ón mbunscoil a dhaingniú agus a shaothrú a thuilleadh;
- raon agus cineál eispéireas oideachais na ndaltaí, ó thaobh eolais, tuisceana, scileanna agus inniúlachtaí a leathnú agus a dhoimhniú;
- iontaoibh an dalta as féin, mar aon le hiontaoibh sóisialta, cumas tionscnaimh agus inniúlachta, a chothú le cabhair oideachais ghinearálta atá leathan agus meáite;
- an dalta a ullmhú le haghaidh riachtanas cláir bhreise staidéir, fostaíochta nó an tsaoil lasmuigh d'oideachas lánaimseartha;
- forás morálta agus spioradálta an dalta a chothú agus cabhrú leis teacht ar thuiscint ar luach agus ar chreideamh daoine eile mar aon le meas a bheith aige orthu;
- na daltaí a ullmhú le haghaidh cúraimí an tsaoránaigh ina dtír féin agus i gComhphobal le hEorpa.

Tá na prionsabail seo a leanas mar bhonn le clár an Teastais Shóisearaigh:

- é a bheith leathan agus meáite: ba cheart go dteagmhódh na daltaí le réimse leathan eispéireas oideachais le linn na tréimhse deireanaí dá gcuid scolaíochta éaganta. Ba cheart cúram faoi leith a dhéanamh de dhaingniú agus de shaothrú scileanna uimhríochta, litearthachta agus labhartha. Ba cheart treise faoi leith a chur le hoideachas sóisialta agus timpeallachta, le heolaíocht agus le teicneolaíocht agus le nuatheangacha.

- ábharthacht: ba cheart go ndíreodh an curaclam ar ghar-riachtanais agus ar chianriachtanais an dalta ó thaobh na timpeallachta cultúrtha, eacnamaíche agus sóisialta.

- fiúntas: ba cheart go n-éileofaí ar gach dalta na céimeanna feabhais is airde is féidir leis a bhaint amach, ag cur infheidhmeacht agus cumas san áireamh, mar aon le caighdeáin idirnáisiúnta inchomórtais.

Cuirtear gach siollabas le haghaidh an Teastais Shóisearaigh i láthair chun go ndéanfaí é a theagasc sa chomhthéacs curaclaim atá leagtha amach thuas.

CLÁR ÁBHAIR

	<u>Leathanach</u>
Réamhrá	5
Topaic 1: Fraoch Aichill	7
Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs	11
Topaic 3: Saol agus Bás Shócraitéis	18
Topaic 4: Mícéine agus an Traí	20
Topaic 5: An Acrapoil Aithneach	31
Topaic 6: Aistear Aeinéis	39
Topaic 7: An Téatar Rómhánach - Coiméide	45
Topaic 8: Saol agus Ré Julius Caesar	50
Topaic 9: Cathair Rómhánach - Pompeii	56
Topaic 10: Arm na Róimhe	73
Leabharliosta	74

RÉAMHRÁ

1. SIOLLABAS AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH I LÉANN CLASAICEACH

Is é atá sa Siollabas ná dhá chéim:

Céim I: cúrsa le haghaidh staidéir don chéad bhliain a fhónann mar thús eolais ghinearálta ar an Saol Clasaiceach.

Céim II: clár dhá bhliain ina bhfuil grinnstaidéar ar líon roghnaithe ábhar atá leagtha síos, ar a mbunófar measúnacht i Scrúdú an Teastais Shóisearaigh.

Sula dtabharfadh múinteoirí faoi theagasc an Léinn Chlasaicigh, ba cheart go rachaidís i gcomhairle le siollabas Teastais Shóisearaigh na Roinne Oideachais i Léann Clasaiceach.

Tá an siollabas ar fáil ar dhá leibhéal, Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Tá creatlach an tsiollabais comhchoiteann sa dá leibhéal. Cuirtear ar chumas daltaí an dá leibhéal, mar sin de, obair le chéile go dtí deireadh an timthrialla trí bliana. Déanfar difreáil idir an dá leibhéal sa mheasúnú ceann cúrsa trí scrúdú a dhéanamh ar chuid amháin i ngach topaic – cuid (b) – ar bhealach níos doimhne ar an bpáipéar Ardleibhéal.

Ullmhaíodh na Treoirlínte seo ar an gCúrsa Dara agus Tríú Bliain i Léann Clasaiceach le haghaidh cuidiú a thabhairt do mhúinteoirí ó tharla nach gclúdaíonn aon téacsleabhar an t-ábhar ar fad den siollabas. Tá miontreoirlínte ar fáil ar chúrsa na chéad bhliana i Léann Clasaiceach*, agus cruthaítear in an-chuid de threoirlínte na chéad bhliana bonn do chúrsa an dara bliain agus an tríú bliain. Táthar dóchasach go gcuirfidh na Treoirlínte seo ar chumas na múinteoirí (i) cineál an tsiollabais a thuiscint agus (ii) tabhairt faoi theagasc an Léinn Chlasaicigh le hiontaoibh. Ní bheartaítear sna Treoirlínte seo, áfach, gach gné den Seansaol a chlúdach agus tá saoirse ag múinteoirí gnéithe breise a bhfuil sainspéis acu iontu a phlé. Is tábhachtach a thuiscint freisin go dtéann roinnt mhaith de na topaicí thar a chéile agus go bhfuil mórán leaganacha de roinnt de na finscéalta ann.

Ní Treoirlínte saintreoracha iad seo ach soláthraíonn siad sraith amháin moltaí ar mhaithe le teagasc an ábhair a fhéadfar teagasc ar bhealaí eile. Féadfaidh múinteoirí sa seomra ranga glacadh le cibé cur chuige nó teaghlaim cuir chuige ar an siollabas ba mhian leo. Cibé cur chuige a ghlacfar leis, áfach, is gá go dtabharfaidh an modh teagaise an deis don dalta foghlaim trí rannpháirtíocht ghníomhach. Leagtar amach samplaí de ghníomhaíochtaí molta thíos. Ba cheart go spreagfadh an cur chuige agus na modhanna a ghlacfaí leo i dteagasc an tsiollabais agus go

gcuirfeadh siad ar chumas na múinteoirí agus na ndaltaí aidhmeanna agus cuspóirí an tsiollabais a bhaint amach.

- * Treoirlínte do Mhúinteoirí ar Chúrsa na Chéad Bhliana i Léann Clasaiceach don Teastas Sóisearach

2. LÉANN CLASAICEACH SA DARA AGUS SA TRÍÚ BLIAIN

Tá deich dtopaic i gcúrsa an Léinn Chlasaiceach sa dara bliain agus sa tríú bliain. Roghnaítear cúig cinn acu as an Domhan Gréagach agus cúig cinn as an Domhan Rómhánach.

AN DOMHAN GRÉAGACH

- Topaic 1: Fraoch Aichill
- Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs
- Topaic 3: Saol agus Bás Shócraitéis
- Topaic 4: Míceine agus an Traí
- Topaic 5: An Acrapoil Aithneach

AN DOMHAN RÓMHÁNACH

- Topaic 6: Aistear Aeinéis
- Topaic 7: An Téatar Rómhánach - Coiméide
- Topaic 8: Saol agus Ré Julius Caesar
- Topaic 9: Cathair Rómhánach - Pompeii
- Topaic 10: An tArm Rómhánach

Tá scrúdú an Teastais Shóisearaigh bunaithe ar na deich dtopaic seo. Ba cheart go mbeadh staidéar déanta ag daltaí ar chúig cinn acu – dhá thopaic as an Domhan Gréagach, dhá thopaic as an Domhan Rómhánach, agus topaic amháin sa bhreis as idir an Domhan Gréagach nó an Domhan Rómhánach.

Tá gach topaic bunaithe ar staidéar ar fhoinsé ábhar a roghnaítear as réimsí tábhachtacha an domhain chlasaiceach. Tá a dtreoshuíomh cinnte ag gach ceann acu, lena n-áirítear treoshuíomh, fealsúnachta, seandálaíochta, staire, srl, ach ceaptar iad chun staidéar ar ghnéithe éagsúla eile a chur ar fáil freisin. Léirítear é seo i gcur síos na dtopaicí, a thugtar in Aguisín B sa siollabas.

Topaic 1:

FRAOCH AICHILL

Tá an topaic seo bunaithe ar shaothar Hóiméir, an *Iliad*, Leabhair I, VI, XVI, XXII, XXIV .

1. Féach ar léarscáil ar an nGréig agus ar an Áise Bheag chun an topaic a chur i gcomhthéacs.
2. Bard cáiliúil san ochtú hAois R.C. ba ea Hóiméar agus is dócha gur rugadh in Ionia é. Bhí an t-iomrá leis go raibh sé dall.
3. Filíocht Eipice:
 - Dhá chineál - Príomhúil (ó bhéal) - Hóiméar
- Tánaisteach (scríofa) - Virgil; Táin
 - Sainmhíniú - laoi fhada i stíl uasal ar laochra a bhí inti
 - Meadaracht - bhain Hóiméar úsáid as an heicsiméadar dachtaileach (sé troithe). Is troigh mheadarachta í an dachtail (a tháinig ón bhfocal Gréagach a chiallaíonn ‘méar’).
 - Is eipic bhéil í eipic Hóiméir. Tá an scéalaí i mbun luas na hurlabhra, dá bhrí sin. Tá teicnící áirithe ag teastáil chun
 - cabhrú leis an éisteoir coinneáil leis an scéalaí
 - cabhrú leis an scéalaí an scéal a leanúint agus an snáithe smaointe a choinneáil an dán a fhadú
 - Folaíonn na teicnící speisialta ar baineadh úsáid astu na teicnící seo a leanas:
 - athrá
 - caint leataoibh
 - samhlacha eipiciúla
 - scéal laistigh de scéal
 - liostaí srl.
 - buafhocail - aidiachtaí a chuireann cáilíocht nó saintréith in iúl: m.sh. Meinealás rua; Andromache bhán-ghéagach
 - foirmlí
4. Déantar tagairt do scéal na Traí san *Iliad*, san *Odyssey* agus san *Aeneid*. (Tá achoimre ar fáil i dTreoirínite na Chéad Bhliana.)
5. Le haghaidh scéal an *Iliad*, féach leabhar E.V. Rieu *Introduction to the Iliad*. Ní chuirtear síos san *Iliad* ach ar chaoga lá de chogadh deich mbliana.
6. Gnéithe den *Iliad* le plé:

- Téama
- Plota
- Carachtair - básmhar agus neamhbhásmhar, fireann agus bainneann
 - cé hiad - gaolta, srl.
 - an áit a bhfuil siad ina gcónaí
 - ról san *Iliad*
 - a dtréithe féin
 - cáilíochtaí a bhaineann siad amach as daoine eile
 - an rud a tharlaíonn dóibh sa deireadh? bás, srl.
 - íomhánna nó buafhocail ar leith atá bainteach leo
- Ról na nDéithe
 - Dul i leith daoine i gcogadh
 - Taobh na nGréagach - Aitéiné, Héafaestas, Here, Poiséadón
 - Taobh na dTraíoch - Afraidíte, Apalló, Airéis, Artaimís
 - Bhí Séas neodrach ach thug sé tacaíocht d'Aichill i gcoinne Agaiméamnóin agus léirigh sé go raibh an-bhrón air le hEachtar agus le Priam
 - Gairm do na Béithe - coinbhinsiún
 - Éifeachtaí greannmhara i Leabhar I
 - Idirghabháil na nDéithe – ról na cinniúna
 - Leabhar I
 - Thosaigh Apalló an t-achrann
 - Chuir Aitéiné cosc ar Aichill ag marú Agaiméamnóin - d'idirghabh Thetis thar ceann Aichill
 - Leabhar V I
 - D'iarr na mná Traíoch ar Aitéiné idirghabháil sa chogadh
 - Leabhar XVI
 - Mhalartaigh Glaucus agus Diomedes a n-armúr le chéile – ar idirghabh na Déithe?
 - D'iarr Aichill ar na Déithe Patroclas a tharrtháil ach fuair Patroclas bás
 - Níor chois Séas bás Sarpedon
 - Thug Apalló corp Sarpedon amach leis
 - Bás Phatroclas

- Leag Apalló clogaid Phatroclas de
 - Pholl Euphorbus a ghualainn le sleá
 - Pholl Eachtar a bholg le sleá
 - o Leabhar XXII
 - Mheall Apalló Aichill amach ó na Traígh
 - Bás Eachtair - bhí páirt ag na déithe ann
 - Mheáigh scálaí Shéasa in aghaidh Eachtair
 - Thréig Apalló é
Threoraigh Aitéiné (i riocht Dhéafabais) Aichill i dtreo Eachtair
 - Rug Aitéiné ar an tsleá a caitheadh ar Eachtar agus thug sí ar ais d’Aichill í
 - Bhuail Aichill Eachtar sa mhúineál agus tharraing sé an tsleá amach; thug sé an t-armúr agus an corp leis (briseadh le coinbhinsiún)
 - o Leabhar XXIV
 - Tharrtháil Apalló feoil Eachtair ó thruailliú
 - Chuir Séas Heirméas amach le Priam chun an corp a fháil ar ais
 - Mharaigh Artaimís agus Apalló páistí Niobe (scéal laistigh de scéal)
7. Difríochtaí idir déithe agus daoine:
- tá siad neamhbhásmhar
 - féadann siad pósadh le duine eile ina gclann
 - féadann siad a riocht a athrú
8. Bás príomhcharachtar
- Sarpedon
 - Patroclas
 - Eachtar
9. Scéalta
- Glaucus agus Diomedes – Bellerophon
 - Niobe

- Ollphéisteanna - arracht le céad géag ba ea Briareus
- bhí ceann leoin, eireaball péiste agus corp gabhair ag an gCiméara
- capaill neamhbhásmhara – Xanthus agus Balius.
(féach an nóta sa ghluais in eagrán Rieu).

10. Soláthraítear san *Iliad* léargas ar shaol na Cré-Umhaoise. Soláthraítear san *Iliad* faisnéis ar na nithe seo a leanas:

- reiligiún - íobairt agus deoch ofrála do na déithe
- bás - sochraid, an saol eile
- cathair – ballaí, túir, geataí
- pálás – foirgnimh, folcadh, íobairt, féasta, ceol
- obair agus fóillíocht - cogadh, talmhaíocht, ceardaíocht, cluichí
- ról na mban - teaghlach, moráltacht, éadaí, fíodóireacht
- tabhartais

11. Tá an-chineál sna samhlacha eipiciúla. Is iad seo roinnt samplaí:

- Patroclas ag gol - uisce; páiste
- Tá mirmideoin cosúil le mic thíre; bloic chloiche; foichí
- Gréagaigh ag marú na dTraíoch– mic thíre ag ciapadh uan
- D’ionsaigh Eachtar Patroclas – leon ag ionsaí toirc
- Cuireadh na Traígh i gcosúlacht le tréad fianna
- Lig Eachtar d’Aichill teacht chuige - sa dóigh chéanna a ligeann nathair chorntha do dhuine druidim ina leith
- Aichill ag dul sa tóir ar Eachtar - cosúil le capaill rása
- Iris ag dul de phleist isteach san fharraige - cosúil le hiascaire ag caitheamh a slaithe
- Ba ghá do Priam béile a ithe - cosúil le Niobe
- armúr - cosúil le réalta.

12. o Ceapann na Gréagaigh gurb é an *Iliad* an saothar is tábhachtaí de chuid Hóiméir. Thug Alastar Mór cóip den *Iliad* leis ar a fheachtais.
o Le haghaidh an tionchair a bhí ag an *Iliad* ar cheol, ar ealaín agus ar litríocht a fheiceáil, féach treoirlínte na chéad bhliana.

13. Deireadh Chogadh na Traí - Capall Adhmaid na Traí

- Mharaigh Paris Aichill
- Mharaigh Cliotaeimnéistre (deirfiúr Héilin) Agaiméamnón, a fear céile
- D’fhill Meinealás ar Sparta le Héilin

- Moillíodh Odaiséas lena chuid fánaíochtaí
- Chuaigh Aeinéas chun na hIodáile. Bhunaigh sé lonnaíocht úr, lonnaíocht a dtugadh ‘an Róimh’ uirthi ina dhiaidh sin.

14. Tagairtí:

Camps, W. A.:	<i>An Introduction to Homer</i> , Oxford University Press, 1983
Connolly, Peter:	<i>The Legend of Odysseus</i> , Oxford University Press
Griffin, J.:	<i>Homer</i> (Past Masters series), Oxford University Press, 1980
Hóiméar:	<i>The Odyssey</i> (Penguin Classics)
Thorpe, H.:	<i>Homer</i> (Inside the Ancient World series), Bristol Classical Press, 1986
Virgil:	<i>The Aeneid</i> (Penguin Classics)

Topaic 2

AN GHRÉIG AGUS AN PHEIRS

Tá an topaic seo bunaithe ar shaothar Heireadótais *The Histories*. Téigh i muinín shiollabas an Teastais Shóisearaigh le haghaidh codanna forordaithe, más é do thoil é.

1. Heireadótas (c. 480 - 425 R.C.)

- Rugadh isteach i dteaghlach ardchéime Halacarnasas san Áise Bheag é.
- Thaistil sé go forleathan san Eoraip, san Áise agus san Afraic. D’éirigh sé ina shaoránach de Thuria san Iodáil, áit ina bhfuair sé bás.
- Thug sé *historia* ar a shaothar, focal a chiallaíonn “taighde” nó “fiosrúchán” agus is é ón bhfocal seo a thagann an focal nua-aimseartha “history” (stair). Ba é seo an chéad phríomhshaothar a scríobhadh i bprós. Thug Cicearó “Athair na Staire” ar Heireadótas.
- An cuspóir a bhí ag saothar Heireadótais ná “nach ndéanfaí dearmad ar ghníomhartha maithe na bhfear, bíodh siad ina nGréagaigh nó ina n-eachtrannaigh, agus go háirithe ar chúiseanna na gcogaí eatarthu.”
- Bhailigh Heireadótas a ábhar trí labhairt le daoine, agus tá a stair lán le scéilíní. Cé gur mórghníomh é a shaothar, tá easnaimh ann: ní i gcónaí a bhíonn a fhoinní iontaofa agus níl sé ábalta uaireanta claontacht ná neamhréireachtaí a bhrath.

- Pléitear sa saothar an choimhlint idir an Áise agus an Ghréig ó ré Chréasais (560-546 R.C.), Rí Lidia, go ré Xeirxéis (485-465 R.C.), Rí na Peirse.
- Tá an saothar á roinnt ina dhá chuid:
 - o Pléitear i Leabhair I-V fás Impireacht na Peirse faoi Chíoras, faoi Cambyses agus faoi Dháirias.
 - o Pléitear i Leabhair VI-IX an cogadh idir na Gréagaigh agus na Peirsigh ag tosú le hÉirí Amach na nIónach. Ba Ghréagaigh iad na hIónaigh a choilínigh na hoileáin agus cósta thoir na Mara Aeigéiche roimhe sin.
- Le linn réimeas Dháirias, leath Impireacht na Peirse ón gcósta Aeigéach go dtí an Iondúis agus isteach san Éigipt. Ba é Dáirias an chéad duine a threoraigh sluaíocht thar an Heilléaspontas agus isteach san Eoraip agus choinnigh Xeirxéas, an rí a tháinig ina dhiaidh, leis an díriú ar an Iarthar.
- Bhí Impireacht na Peirse á roinnt ag Dáirias ina proibhinsí. Bhí gach proibhinse á riar ag satrap a bhí freagrach don rí.
- Thug na Gréagaigh “barbaraigh” ar na Peirsigh, téarma a úsáideadh le cur síos ar dhaoine a raibh cultúr difriúil nó theanga dhifriúil acu, ciall dhifriúil óna ciall reatha.
- Scríobhadh an saothar sa Ghréigis Iónach ar dtús, agus tháinig a roinnt i naoi leabhar ina dhiaidh sin.
- Bhí aithne ag Heireadótas ar Pheiricléas agus creidtear gur thug sé léitheoireacht phoiblí ar an Aithin sa bhliain 446 R.C. mar chuid dá stair.

2. Achoimre an Téacs

Pléitear sa tréimhse atá clúdaithe sa siollabas (Heireadótas, Leabhair V-IX) na cogáid idir na Gréagaigh agus na Peirsigh ón aimsir d’Éirí Amach na nIónach sa bhliain 494 R.C. go dtí gur chuir na Gréagaigh na Peirsigh faoi chois in Ionia sa bhliain 479 R.C., is é sin tréimhse a mhair timpeall cúig bliana déag.

Tosaíodh an cogadh idir na Gréagaigh agus na Peirsigh mar gheall ar Éirí Amach na nIónach. Ba Ghréagaigh iad na hIónaigh féin ach bhí siad faoi réir Dháirias, Rí na Peirse. Rinne an Pheirs trí shluaíocht isteach sa Ghréig mar dhíoltas; dhá shluaíocht le

linn shaol Dháirias agus rinne siad an tríú sluaíocht le linn ré Xeirxéis. D'éirigh an Éigipt amach idir an dara agus an tríú sluaíocht ach bhí sí á smachtú arís ag Xeirxéas sular threoraigh sé sluaíocht dheiridh na bPeirseach isteach sa Ghréig.

3. Príomhthopaicí

- Éirí Amach na nIónach (494 R.C.)
- An Chéad Shluaíocht de na Peirsigh (492 R.C.)
- An Dara Shluaíocht de na Peirsigh (490 R.C.)
 - o Cath Mharatóin (490 R.C.)
- An Tríú Shluaíocht de na Peirsigh (480 R.C.)
 - o Cath Thearmápalae (480 R.C.)
 - o Cath Artemisium (480 R.C.)
 - o Loscadh na hAcrapoile, an Aithin (480 R.C.)
 - o Cath Shalamas (480 R.C.)
 - o Loscadh na hAithne (479 R.C.)
 - o Cath Phlatae (479 R.C.)
- Críochnaíonn an choimhlint in Ionia.
 - o Mycale (479 R.C.)

[Coinníonn Túicídídéas (460-400 R.C.) scéal Chogadh na Peirse mar a gcríochnaíonn Heireadótas a scéal féin agus tugann sé cuntas ar Chogadh na Peilipinéise idir an Aithin agus Sparta.]

4. Réimsí eile le haghaidh Staidéir

Heireadótas mar scéalaí (déanann na huimhreacha leathanaigh do Shepherd: *Herodotus "the Persian War"*)

- o An fear le tatúnna ar a cheann (lch. 12)
- o Pan, an dia (lch. 20)
- o Maisíonn Xeirxéas an crann plána (lch. 33)
- o Na droichid thar Heilléaspontas (lch. 33)
- o Ofrálacha agus trasnáil an airm (lch. 36)
- o Cur síos ar na náisiúin Pheirseacha (lch. 38)
- o Scyllias, an tumadóir (lch. 68)
- o An nathair ar an Acrapoil (lch. 74)
- o an Bhanríon Airtimisia (lch. 85)

- Adeimantus (nó Adimantus), an ginearál Corantach (lch. 87)
- Bás Masistius (lch. 111)
- saibhreas Peirseach, na héalótaí (lch. 125)

Na Gréagaigh agus na Peirsigh

- Eagraíodh na Gréagaigh isteach i stáit chathrach neamhspleácha (*polis*). Chuir siad an-bhéim ar shaoirse agus bhí siad an-inspreagtha i gcogadh. Bhí easpa saoirse ag na Peirsigh mar go raibh gach náisiún faoi réir Rí na Peirse.
- Bhí cabhlach láidir agus saighdiúirí “hoiplítigh” dea-armáilte ag na Gréagaigh. Bhí arm ní ba mhó ag na Peirsigh ach bhí siad éadromarmáilte agus bhí cabhlach acu nach raibh chomh hoilte. (Féach Shepherd, lch. 21 agus lch. 66.)
- Bhí teanga choiteann ag na Gréagaigh; labhair na Peirsigh teangacha éagsúla.
- Bhí na hAithnigh aitheanta dá n-éachtaí cultúrtha in ealaín agus i litríocht agus bhí an-saibhreas ag na Peirsigh (ór, airgead, cré-umha agus léinte saibhre). (Féach Shepherd, lch. 38 agus lch. 39).
- Chuir na Gréagaigh an-bhéim ar oirchill dhiaga agus ar fhéilte reiligiúnacha.

Spartaigh agus Aithnigh

- Bhí na Spartaigh á rialú ag ríthe a bhí mar ionadaithe reiligiúnacha an stáit agus mar cheannairí an airm. Bhí na heifer i mbun gnáthriaracháin agus bhí cumhacht mhór acu. Chruthaigh héalótaí nó seirfigh tír na laochra. Ba dhaoine glanbhearrtha iad na Spartaigh a d’oil a bpáistí ó bhreith (idir bhuachaillí agus chailíní) ar shaol míleata. Níor leag siad béim ar nithe cultúrtha. Beartas leithleach ba ea a mbeartas polaitíochta: níor chabhraigh siad leis na hÍónaigh agus ní dheachaigh siad isteach sa chogadh in aghaidh na Peirse go dtí gur cheap siad go bhféadfaidís féin bheith faoi bhagairt. Mhoilligh siad cúnamh a thabhairt dóibh sna cathanna i Maratón, i dTearmápalae agus ar an Aithin.
- Bhí codarsnacht mhór idir na hAithnigh agus na Spartaigh. Bhí daonlathas acu agus bhí siad cruthaitheach i réimse na healaíne (péintéireacht vásaí agus dealbhóireacht) agus litríocht. Cé go raibh na Spartaigh aitheanta dá n-arm, d’fhorbair na hAithnigh cabhlach láidir faoi Theimisticléas, a bhí freagrach as tarrtháil na nGréagach ó na Peirsigh. Bhí siad neamhleithleach, ag cabhrú leis na hÍónaigh ina nÉirí amach in aghaidh na bPeirseach. Cé go raibh spéis ag na Spartaigh i dtalmhaíocht, bhí trádáil agus tráchtáil ní ba thábhachtaí i measc na nAithneach.

Daoine Tábhachtacha

- Taobh na bPeirseach Dáirias, Xeirxéas, Mardonius, an Bhanríon Airtimisia, Masistius, Tigranes, Alastar na Macadóine
- Taobh na nGréagach Miltiades, Themistocles, Leonadas, Eurybiades, Pausanias

Cathanna Tábhachtacha

- Maratón, 490 R.C. Bua Gréagach
- Tearmápalae, 480 R.C. Bua Peirseach - fuair siad rochtain ar an Aithin
- Artemisium, 480 R.C. neamhchonclúideach - chaill an dá thaobh roinnt long
- Salamia, 480 R.C. Bua Gréagach
- Plataea, 479 R.C. Bua Gréagach
- Mycale, 479 R.C. Bua Gréagach

Tábhacht an Bhua Ghréagaigh

- Chuir sé deireadh leis an ionradh Persiach ar an nGréig.
- Laghdaigh sé muinín an chabhlaigh Pheirsigh
- D'oscail sé na trádbhealaí ar an Muir Dhubh.
- Chuidigh sé le forbairt an chultúir Ghréagaigh (ealaín, ailtireacht agus litríocht) faoi Pheiricléas sa chúigiú hAois R.C.
- Chuidigh sé le leathnú an chultúir Ghréagaigh faoi Alastar Mór nuair a tháinig cultúr Heilléanaíoch chuig an bPeirs.

5. Bainteacht le topaicí eile

I. Topaic 5 an Teastais Shóisearaigh: an Acropoil Aithneach

- (a) Tógadh an Partanón ar an suíomh ar a raibh teampall d'Aitéiné roimhe sin, teampall a scriosadh le linn loscadh na hAcrapoile a thosaigh na Peirsigh sa bhliain 480 R.C. Tá cruinnbhloic an teampail d'Aitéiné tógtha isteach i mballaí na hAcrapoile. (Féach Woodford, *The Parthenon*.)
- (b) Comóireann an Teampall d'Aitéiné Nike an bua Gréagach in aghaidh na bPeirseach.

II. Topaic 2 na hArdeistiméireachta: Alastar Mór

Nuair a scrios Alastar Mór an Téibh, ceapadh gur phionós ó na Déithe é mar gheall ar fheall na Téibhe ar an nGréig i gCogadh na Peirse (Airrianas, *The Campaigns of Alexander*, Leabhar I, an Téibh; Plútarc), *The Age of Alexander*: aiste ar Alastar Mór, sliocht 12.)

Féach tagairtí do Xeirxéas i leabhar Airrianais freisin.

6. Tionchar Cultúrtha

- Ealaín - Péintéireacht vásaí - téama laoiach (hoiplíteach)
 - Apulian Krater (Dáirias i gcomhairle roimh a shluaíocht isteach sa Ghréig.)
 - Dealbhóireacht - Athene Promachos a rinne Féidias ar an Acrapoil, an Aithin
 - fríos an Phartanóin
 - fríos an Teampaill d’Aitéiné Nike
 - tríchosach órga le hollphéisteanna i nDeilfe. Tá cuid den dealbh seo sa hiopadróim in Iostanbúl faoi láthair.
 - ceann Theimisticléis (macasamhail Rómhánach in Ostia.)
 - inscríbhinní agus maoluithe dealbhóireachta in Behistun, an Iaráin (éachtaí Dháirias.)
- Ailtireacht
 - comóireann an Teampaill d’Aitéiné Nike an bua Gréagach in aghaidh na bPeirseach
- Stair
 - coinníonn Túicídídéas an scéal mar a gcríochnaíonn Heireadótas
 - Alastar Mór agus toghail na Téibhe
 - Plútarc, *Lives*
 - chuir Napoléon é féin i gcomparáid le Teimisticléas ina litir ghéillte do na Sasanaigh
- Litríocht
 - Simonides - filíocht
 - Aescaileas - *The Persians*
 - An Sean-Tiomna – Luaitear Xeirxéas i Leabhar Eistir
 - Byron, *Isles of Greece*
- Ceol
 - *Xerxes*, ceoldráma Handel, ina bhfuil an largo cáiliúil
- Fógraíocht
 - Leonadas - seacláidí!

7. Tagairtí:

Aescaileas: *The Persians*, (Penguin Classics)
Andrewes, A. *Greek Society*, Pelican, 1981

Airrianas: *The Campaigns of Alexander*, (Penguin Classics)

Banks, A. *A World Atlas of Military History*, iml. 1, Seeley Service, 1979

Ehrenberg, V. *From Solon to Socrates*, Methuen, 1976

Fornara, CW. *Herodotus: an Interpretative Essay*, Oxford University Press, 1971

Hart, J.: *Herodotus and Greek History*, 1993

Plútarc: “Lives” in *The Rise and Fall of Athens*, (Penguin Classics), 1970

Plútarc: *The Age of Alexander*, (Penguin Classics)

Sharwood *Greece and the Persians*, Duckworth, 1990

Smith, J.

Shepherd, W.: *Herodotus: the Persian War*, Cambridge University Press, 1982

Féach siollabas an Teastais Shóisearaigh i Léann Clasaiceach freisin le haghaidh tagairtí breise.

3. **Topaic 3: SAOL AGUS BÁS SHÓCRAITÉIS**

Tá an topaic seo bunaithe ar *Apology*, *Crito* agus *Phaedo* Phlatóin in *The Last Days of Socrates*.

Le haghaidh faisnéis bhreise ar shaol Shócraitéis, téigh i muinín threoirínite na chéad bhliana, alt 2.7, Tús Eolais ar an Aithin, fo-alt XXI, Sócraitéas (469-399 R.C.) (ar lch. 64).

Sainmhínítear ‘fealsúnacht’ mar ghrá don eolas, bunaithe ar an bhfocal Gréigise - philosophia.

1. Ba cheart go mbainfí úsáid as léarscáil na Gréige ag taispeáint na hAithne agus Dhéileas chun an topaic seo a léiriú.
- 2.. Chuir triúr Aithneach, Miléatas, Anytus agus Lycon, caingean phoiblí ar Shócraitéas sa bhliain 399 R.C. Chuir siad eiriceacht agus truilliú intinn na n-óg ina leith.
3. **Achoimrí Téacsanna**
The Apology
Tá an *Apology* á roinnt ina thrí chuid:
 - (a) cosaint Shócraitéis
 - (b) a fhritogra
 - (c) a aitheasc deireadh don chúirt
 - (a) Cosaint Shócraitéis:
 - o a dhearcadh sa chúirt
 - o nádúr na gcúiseamh

- naimhdeas ina leith mar gheall ar Aitheascal Dheilfe
 - bréagnuithe sna cúisimh
- (b) Fritogra:
- Molann Miléatas pionós an bháis
 - Molann Sócraitéas
 - coinneáil shaor ón stát ar feadh a shaoil nó
 - fineáil a d'fhéadfadh sé íoc.
- (c) Aitheasc deireadh don Chúirt
- Clú na ndaoine a ghearrfadh pionós an bháis air as seo amach
 - Nádúr an bháis
 - díothú nó
 - imirce a anama ón áit seo go háit eile
 - a mhian dá mhic
 - mearbhall maidir leis an staid is áthasaí, saol nó bás.

Críotó

- Moillítear pionós an bháis go ceann míosa.
- Tugann Críotó cuairt ar an bpríosún agus comhairlíonn sé dó éalú.
- Diúltaíonn Sócraitéas glacadh le comhairle Chríotó.

Phaedo

Tá Phaedo i ndiaidh am a chaitheamh le Sócraitéas ar a lá deiridh i bpríosún. Athinsíonn sé a eispéireas do ghrúpa fealsúna.

- Mothúcháin na ndaoine a bhí i láthair
- Baint idir pian agus pléisiúr
- An fáth ar roghnaigh sé filíocht a scríobh
- Ní raibh féinmharú dlisteanach
- Fealsúnacht mar ullmhúchán do bhás, a bhí mar scaoileadh an anama ón gcorp
- Adhlacadh
- Nóiméid agus focail dheiridh
- Tuairim Phaedo ar Shócraitéas

4. Príomhíomhánna Shócraitéis:

- Le linn dó ffrinne an aitheascail a aimsiú, chuaigh Sócraitéas timpeall na cathrach ar oilithreach de chineál éigin do na polaiteoirí, na filí agus na ceardaithe.
- Is leis an mionlach, an traenálaí capall, an cumas traenála capall.
- Le linn dó bás agus baol a chur de, bhí sé cosúil le hAichill agus é ag iarraidh díoltas a fháil ar son Phatroclas.
- Cuirtear an Aithin i gcomparáid le capall folaíochta atá falsa agus mór folaíochta a spreagann cuil (is é sin Sócraitéas) chun gnímh é!
- Níor tháinig sé as dair ná as carraig ach bhí tuismitheoirí daonna aige.
- codladh gan bhrionglóid ba ea díothú.
- Bhí brionglóid aige ar bhean álainn i róbaí bána a thuar a bhás.
- Níor cheart go mbeadh lámh againn inár mbás féin; is iad na déithe ár gcoimeádaithe agus tá muid in áit chosanta de shaghas éigin nach gá dúinn sinn féin a scaoileadh aisti.
- Leathnaigh an t-eanglach óna chosa aníos de réir mar a tháinig an nimhiú le moing mhear i bhfeidhm.
- Ofráil coiligh d'Aescaláipias mar shiombail de shócúlacht an bháis nó den bhás mar leigheas.

5. Bainteacht Shócraitéis inniu:

- tionchar ar an aos óg
- ginmhilleadh
- eotanáis
- féinmharú
- nádúr an bháis
- dearcadh i leith údaráis
- cineál pionóis
- modh fiosraithe (modh Socráiteach)

6. Tagairtí

Arastafainéas: *The Clouds*, (Penguin Classics)

The Frogs, (Penguin Classics)

Platón: *The Last Days of Socrates*, (Penguin Classics)

Féach an leabharliosta roghnaithe ag deireadh na dtreoirí seo freisin.

Topaic 4: MÍCÉINE AGUS AN TRÁÍ

1. Ba cheart go mbainfí úsáid as léarscáil ar an Míceine agus ar an Traí chun an topaic seo a léiriú.
2. Is láithreáin thábhachtacha na Cré-Umhaoise iad Míceine agus an Traí. Bhí siad á dtochailt den chéad uair ag Schliemann. Féadfaidh seandálaíocht na láithreán seo agus saothar Hóiméir cuidiú le chéile chun léargas ar shaoránacht na Míceine a chur ar fáil
3. Athinis scéal Chogadh na Traí agus Fhilleadh na Laochra (II (v) lch. 50 agus II (vi) lch. 57, - treoirlínte na chéad bhliana).

4. **Míceine**

- an Pheilipínéis - ar chnoc i machaire Argas
- bunaitheoir cáiliúil - Peirséas
- bhí Míceine mar ríocht Aitréis agus Agaiméamnóin, a mhac, ina dhiaidh sin
- tagann ainm Mhíceine ón bhfocal *mykes* a chiallaíonn muisiriún
- príomhchathair na Gréige sa Chré-Umhaois
- dúirt Hóiméar go raibh Míceine “saibhir in ór” - ag cur sibhialtacht shaibhir in iúl
- teanga - an tSean-Ghréigis → táibléid i Líneach B (Ventrís)
- Ballaí ollmhóra - saoirseacht Chioclópach
- Geata Séadchomharthaí → Geata Leoin (cúlghéata nó geata cúil freisin)
- thug Pausanius cuairt uirthi sa dara hAois A.D.

Laistigh de na ballaí

- o Pálás - saghas Megaron
- o Tithe
- o Ciorcal uaigheanna A ina bhfuil sé shloc-uaigh (lasmuigh de na ballaí ar dtús)
- o Pasáiste rúnda a théann chuig sistéal sa taobh amuigh

Lasmuigh de na ballaí

- o Ciorcal uaigheanna B (níl sí chomh saibhir ná chomh sean le Ciorcal uaigheanna A)
- o Tuamaí Tholas (cruth coirceogach)
- o Tuamaí carraig-ghearrtha
- o Sistéal uisce - foinse Pheirséis (pasáiste rúnda a théann chuici seo)

Láithreáin chosúla

- o Tiryns
- o Pulas (Neastór)
- o an Téibh

Bhí stíl mhaireachtála na ndaoine a chónaigh sna háiteanna seo cosúil le stíl mhaireachtála mhuintir Mhíceine. Tugtar cultúr Míceineach ar an gcultúr ar fad, dá bhrí sin. Sibhialtacht na Cré-Umhaoise Déanaí a bhí inti.

Ciorcail uaigheanna

- Grúpa sloc-uaighe a dtimpeallaíonn balla ciorclach air. Adhlacadh roinnt daoine i ngach sloc-uaigh.
- Dhá chiorcal uaigheanna i Míceine
 - Ciorcal Uaigheanna A
 - Ciorcal Uaigheanna B

Ciorcal Uaigheanna A

- Laistigh de bhallaí an dúnfoirt
- Sé shloc-uaighe
- Níos moille ná ciorcal uaigheanna B
- Uaigheanna níos saibhre ná ciorcal B
- Aimsithe ag Schliemann sa bhliain 1874

Ciorcal Uaigheanna B

- Lasmuigh de na ballaí
- Níos luaithe ná A
- Ní raibh sé chomh saibhir
- Aimsithe sa bhliain 1951

Sloc-uaigneanna

- Uaigneanna Ríoga
- Laistigh den dá chiorcal uaigneanna
- Bhí clais tochailte isteach i gcarraig bhog agus líneáilte le clocha
- Clúdaithe le maidí adhmaid mar dhíon tar éis adhlactha
- Bhí ithir curtha ar a bharr
- Sonraíonn leaca uaigne na huaighneanna (*stelai*)
- Fríotha - cnámha
 - fianaise d'eadach: seodra, cnaipí, pionnaí, criosanna, corónacha
 - maisc (órdhuille) – masc Agaiméamnóin i gCiorcal Uaigneanna A (ba le rí a tháinig roimhe sin an masc i ndáiríre)
 - airm – miodóga iontlaise, sceana, claimhte, srl.
 - soithí – vasaí, soithí óil, cupaí, cuacha, crúiscíní
 - séaláí – cloch nó miotal - ainmhithe

(Féadfár macasamhla na bhfríotha ó Mhíceine a fheiceáil i Seomra Arthur Evans, Músaem Ashmolean, Oxford. Féach freisin Higgins, *Minoan and Mycenaean Art*.)

Tuamaí Tholas

- Tuamaí Ríoga – níos moille ná sloc-uaigneanna ach forluíonn siad ó thaobh aoise de
- Trí chuid
 - dromos – pasáiste fada a théann chuig an seomra
 - doras domhain ag béal an tuama (*stomion*)
 - tholos — seomra adhlactha coirbéalta coirceogach
- Nuair a bhí adhlacadh nua ar siúl, bogadh iarsmaí an adhlactha roimhe sin go taobhsheomra dronuilleogach.
- Ba ghnáthchineál adhlactha iad Tuamaí Tholas timpeall ón mbliain 1300 R.C. Tá siad le feiceáil ar fud na Gréige, ach is i Míceine atá an eiseamláir is fearr. Tugtar Ciste Aitréis nó Tuama Agaiméamnóin uirthi. Ní leis an gceachtar acu í, ó tharla go raibh sí ní ba shine. Tugadh na piléir ornáideacha ó Chiste Aitréis go Teach Chathair na Mart i gContae Mhaigh Eo sa naoú hAois déag agus díoladh iad le Músaem na Breataine ina dhiaidh sin. (Féach *Shell Guide to Ireland* agus Higgins, *Minoan and Mycenaean Art*.)

Pálás Mhicéine

- Suite laistigh de bhallaí an dúnfoirt
- Príomhghnéithe - geata ornáideach
 - clós
 - megaron
 - póirse
 - halla
 - seomra ríchathaoireach
- Seomra ríchathaoireach - teallach ciorclach agus ceithre cholún
 - freascónna ar na ballaí agus tíleanna daite ar an urlár
 - ríchathaoir chloiche (féach Seomra na Ríchathaoireach ag Cnósas)
- Is beag iarsma den phálas Mhicéine atá ar fáil fós ach bheadh sé cosúil le Pulas, atá ar an eiseamláir is fearr ó thaobh caomhnaithe de. (Féach Higgins, *Minoan and Mycenaean Art*, le haghaidh pleananna, srl.)
- Folaíonn na nithe seo a leanas na míreanna a fuarthas i bPulas:
 - folcadáin na Banríona
 - cupaí fíona (mílte acu!)
 - reanna saighde cré-umha (na céadta acu!)
 - táibléid i Líneach B
- Tá pálás chosúla le feiceáil in Tiryns, sa Téibh, in Gla agus in Sparta
- Léiríonn ealaín tionchar na Créite (*stelai*) agus na hÉigipte (freascónna)
- Gné innealtóireachta:
 - triantán fulangach
 - thar Gheata an Leoin
 - Geata an Pháláis
 - Ciste Aitréis
- Táibléid i Líneach B
 - Gréagach luath - i gcré bhácáilte
 - Bhí siad faighte i gCnósas ag Sir Arthur Evans agus i bPulas ag Carl Blegen. Fuarthas iad freisin i Mícéine, in Tiryns agus sa Téibh.

- scaoil Michael Ventris iad sa bhliain 1952 (b' ailtire é a fuair bás i dtimpiste bhóthair sa bhliain 1955)
 - tugann siad eolas súinn ar dhaoine tábhachtacha, ar shaol i bpálás, ar ranna talún, ar fheirmeoireacht, ar thrádáil agus ar chogadh.
- o Finscéalta atá bainteach le Míceine: Agaiméamnón, Iphigenia, srl.
 - o Cultúr na Cré-Umhaoise - a thurnamh
 - Muintir mhórhír na Gréige sa Chré-Umhaois –Míceinigh
 - Muintir na Créite sa Chré-Umhaois – Mionóch (Rí Míonós)
 - (1) Ba é Cnósas an t-ionad ba thábhachtaí sa chéad dul amach
 - (2) D'éirigh an mhórhír (Míceine) tábhachtach ina dhiaidh sin agus d'imir an Chréit tionchar uirthi (saothair ealaíne)
 - (3) Rinne na Dóraigh ionradh ar Mhíceine faoi dheireadh sa dóú hAois déag R.C., agus tháinig treascairt na Míceine dá dheasca seo.

5. Tagairtí:

- Brown, A.: *Arthur Evans and the Palace of Minos*, Músaem Ashmolean, 1989
- Davaras, C.: *The Palace of Knossos*, Editions Hannibal, an Ghréig (ar fáil in Blackwell's Bookshop, Oxford)
- Chadwick, J.: *Linear B and Related Scripts*, Músaem na Breataine, 1987
- Higgins, R.: *Minoan and Mycenaean Art*, Thames and Hudson, 1977
- Homer: *The Iliad and The Odyssey*, (Penguin Classics)
- Hood, S.: *The Home of the Heroes*, Thames and Hudson, 1974
- Mc Lellan, E.: *Minoan Crete*, (Aspects of Greek Life series), Longman, 1976
- Pausanias: *Guide to Greece*, vol. 1, (Penguin Classics)
- Sargent, M.: *Mycenae*, (Aspects of Greek Life series), Longman, 1976
- Virgil: *The Aeneid*, (Penguin Classics)
- Wood, M.: *In Search of the Trojan War*, BBC, 1987

Féach siollabas an Léinn Chlasaicígh freisin le haghaidh tagairtí breise.

6. an Traí

Tá an Traí san Áise Bheag (an Tuirc) i réigiún Troad cóngarach do Heilléaspontas (an Dardainéil) agus idir na haibhneacha Simois agus Scamander. Thug na Gréagaigh Ilion ar an áit, mar ómós do Ilus, a bunaitheoir mór. Ba de shliocht Dardanus, mac Shéasa, é Ilus. Is é Hisarlik ainm comhaimseartha na Traí.

I bhfinscéal Hóiméarach, cathair Rí Priam ba ea í an Traí. Chuir na Gréagaigh faoi léigear í mar gur fhuadaigh Paris, mac Priam, Héilin, bean chéile de chuid Meinealás an Sparta, agus thug sé chuig an Traí í. Mhair an cogadh breis agus deich mbliana.

D'aithin Schliemann an Traí ón *Iliad* agus thochail sé í sa bhliain 1870. Fuair sé naoi scair nó naoi gcathair ar leith. Rinne Dörpfeld agus Blegen tochailtí ina dhiaidh sin.

Shainaithin Schliemann gurbh í an Traí II an Traí Hóiméarach.

Shainaithin Dörpfeld gurbh í an Traí VI an Traí Hóiméarach.

Shainaithin Blegen gurbh í an Traí VIIA an Traí Hóiméarach.

Naoi gCathair na Traí

Is meánphointí measta d'achar na lonnaíochta iad na dátaí a thugtar.

(Is iad Troy II, VI agus VIIA na cathracha is tábhachtaí.)

- | | | |
|---------------------------|---|---|
| an Traí I, c.3000 R.C. | o | dúnfort beag daingean - tithe megaron, lámhdhéanta potaireacht, fíodóireacht; scriosta ag tine |
| an Traí II, c. 2200 R.C. | o | dúnfort níos mó ná an Traí |
| | - | pálás Megaron |
| | - | trádáil – níos saibhre |
| | - | <u>Schliemann</u> → <u>an Traí Hóiméarach</u> . Dúirt sé go bhfuair sé ciste Priam, mar aon le seoda Héilin, in aice leis an rampa. (Féach pictiúr, i leabhar Wood, <u>In Search of the Trojan War</u> , 1987, lch. 59) |
| an Traí III, c. 2000 R.C. | | |
| IV, c. 1900 R.C. | | cosúil leis an Traí II agus gan tábhacht |
| V, c. 1800 R.C. | | |
| an Traí VI, c. 1250 R.C. | o | níos mó ná a bhíodh sí |
| | - | geataí agus ballaí móra –Scaean agus Dardanian |
| | - | cineál eile tí – ní cineál megaron |
| | - | potaireacht Mhionóch liath – rotha – ainmnithe in ómós don Mhionóch in Orchomenos, sa Ghréig |
| | - | potaireacht Mhíceineach - trádáil |
| | - | airm Mhíceineacha |
| | - | scriosadh an pálás ach is dócha gur de chineál megaron é. |

- fianaise tine
- fianaise chapail
- Dörpfeld → an Traí Hóiméarach
- scriosadh le crith talún í

an Traí VII ,c. 1180 R.C.

- o atógtha ag muintir na Traí VI tar éis an chreatha talún
- tithe ní ba bhoichte
- prócaí stórála móra (léigear)
- (cosúil le teach bia reatha le linn cogaidh)
- rinn saighde – cogadh
- potaireacht Mhíceineach – ní raibh ach méid beag ann
- cnámharlaigh
- fianaise tine
- Blegen – an Traí Hóiméarach, ach dátaítear an Traí VIIA go raibh sí i lár na tríú hAoise dhéag R.C.

an Traí VII, B & C - gan tábhacht

an Traí VIII, c 700 R.C.

o luigh sí díomhaoin ar feadh tamaill, agus d’athlonnaigh daoine ann ina dhiaidh sin

- an chéad lonnaíocht Ghréagach
- seanteampall d’Aitéiné – thug Alastar Mór cuairt air
- teampall sa bhliain 335 R.C. – b’fhéidir gur tógadh é thar na fothracha de Phálás Priam sa Traí VI

an Traí IX, c. 300 R.C.

- Heilléanaíoch
- Thug Caesar cuairt uirthi sa bhliain 48 R.C.
- Teampall d’Aitéiné (Dórach)
- Mhéadaigh Ágastas an teampall clasaiceach d’Aitéiné (chreid na Rómhánaigh gurbh iad na Traígh a sinsearaigh)
- Odeon, búiléatar seanaid
- tréigthe sa deireadh sa séú bliain AD

7. Argóint Nua-aimseartha ar an Traí

- Dúirt Schliemann gurbh í an Traí II an Traí Hóiméarach, ach bhí sé míshásta faoi dhá rud:
 - (1) bhí an dumha an-bheag;

(2) ní raibh aon fhianaise de na sráideanna leathana ná de na túir a luaitear san *Iliad*.

- Mhaígh Schliemann go bhfuair sé “Ciste Priam”, a d’fholaigh seoda Héilin, nideog láimh leis an rampa sa Traí II. (féach an plean i leabhar Wood.) Tugann léann nua-aimseartha le tuiscint, áfach, nárbh fhéidir na míreanna a fháil le chéile.
- Dúirt Dörpfeld gurbh í an Traí VI an Traí Hóiméarach - ach scriosadh le crith talún, in ionad cogaidh, í.
- Dúirt Blegen gurbh í an Traí VIIA an Traí Hóiméarach. Má scriosadh an Traí VI le crith talún, thóg na daoine céanna an Traí VIIA. Thógfaidís an chathair faoi dheifir, mar a léirítear sa tithíocht dhona. Fuarthas prócaí cloiche ar an urlár, rud a d’fhéadfadh stóráil le linn léigir a léiriú.

Ní raibh aon fhianaise de photaireacht iompórtáilte, rud a mhaíonn nach raibh aon trádáil le linn na haimsire (cogadh?). Maíonn fianaise na gcorp dóite go raibh tine ann. Fuarthas rinn saighde amháin. An gciallódh rinn saighde amháin go raibh cogadh ar siúl? Ba thraidisiún é airm a bhailiú tar éis cogaidh, agus d’fhéadfadh sé seo míniú cén fáth nach bhfuarthas ach ceann amháin.

Is í is dóichí gurbh í an Traí VI nó VIIA an Traí Hóiméarach, mar sin de. (Féach Wood, *In Search of the Trojan War*.)

Tá deacrachtaí leis an Traí VIIA ar chuir Blegen síos uirthi, áfach:

- o Tugann Blegen dáta ró-luath don Traí VIIA. Maítear sa photaireacht a fuarthas sa Traí VI go raibh an chathair seo i bhfeidhm fós i lár na tríú hAoise dhéag R.C., dáta a thugann Blegen don Traí VIIA. Ciallaíonn sé seo gur ghá gur tháinig an Traí VIIA dáta éigin ina dhiaidh sin - ach chiallódh dáta ní ba mhoille gur tharla léigear na Traí VIIA dáta éigin tar éis thurnamh na bpálás Míceineach ar mhórthír na Gréige.
- o Bhí líon arm Míceineach ní ba mhó sa Traí VI, ach d’fhéadfadh trádáil nó cogadh bheith mar chúis leis seo.
- o Maítear i bhfianaise ó na táibléid Hiteacha gur ionsaigh na hAcháiaigh Wilusa thart faoin mbliain 1260 R.C. (an Traí VI), agus moltar gurbh é Wilusa an t-ainm Hitise do Ilios (an Traí).

Más í an Traí VI an Traí Hóiméarach go deimhin, cén dóigh a míníonn muid go raibh léigear ann má mhaítear san fhianaise gur scrios crith talún an chathair seo? An

ndearnadh ionradh ar an Traí nuair a bhí sí ag a pointe ní ba leochailí - tar éis an chreatha talún? Déarfadh daoine áirithe nach féidir titim na mballaí is na dtúr a chur síos do chrith talún amháin. Ar baineadh úsáid as meaisíní léigir, agus ar chuidigh siad le finscéal cáiliúil de Chapall Adhmaid na Traí, a chuir deireadh le Cogadh na Traí?

Deir Sir Moses Finley nach raibh aon chogadh sa Traí agus is ionann an Traí Hóiméarach agus an Traí san *Iliad*. (Féach Wood, *In Search of the Trojan War*.)

- Léirítear i dtreoirínte na chéad bhliana laige Schliemann mar sheandálaí.
- Saol Heinrich Schliemann (1822-1890)
 - o Rugadh sa Ghearmáin é ar 6ú Eanáir sa bhliain 1822.
 - o Fear gnó rathúil a bhí ann.
 - o Thosaigh a spéis sa Traí i ndiaidh dó leabhar ar scéal na Traí agus greanadh d’Ainéas ag éalú a fháil mar bhronntanas Nollag, ach níor thosaigh sé obair seandálaíochta go dtí go raibh sé beagnach caoga bliain d’aois.
 - o Thosaigh sé ag tochailt dumha Hisarlik (dumha na Traí) sa bhliain 1871 agus fair sé naoi gcathair. Thug a nádúr rómánsúil air a chreidiúint go raibh Ciste Priam faighte aige. Thóg sé grianghraf do Sophie, a bhean chéile óg, leis na nithe a cheap sé bheith mar sheoda Héilin. Glacadh an ciste ó Mhúsaem Bheirlín sa bhliain 1945 ach aimsíodh sa Rúis iad ón dáta sin.
 - o Thochail sé i Mícéine ina dhiaidh sin agus chreid sé go bhfuair sé tuama Agaiméamnóin.
 - o Rinne sé tochailtí eile in Orchomenos agus in Tiryns.
 - o Chuaigh sé ar lorg Phálás Rí Neastór i bPulas ach in aisce. Fuarthas an pálás ina dhiaidh sin le linn déanamh bóithre.
 - o Thug sé cuairt ar Chnósas le Dörpfeld, agus rinne sé iarracht an láithreán a cheannach sa bhliain 1889 ach níor éirigh leis teacht chun réitigh agus d’fhill sé ar an Traí. Níor fhill sé ar Chnósas. Fuair Arthur Evans na táibléid i Líneach B ón gCré-Umhaois Dhéanach anseo ina dhiaidh sin.
 - o Bhí sé ábalta dhá theanga dhéag a labhairt.
 - o Fuair sé bás in Naples sa bhliain 1890.
 - o Féach Wood, *In Search of the Trojan War*, caibidil 2, le haghaidh plé ar phearsantacht Schliemann.
 - o Féach freisin, Caroline Moorehead, *The Lost Treasures of Troy* (Weidenfeld and Nicholson).

Tagairtí don Traí san “Iliad.”

- Faoi bhallaí móra
- geataí arda
- túir bhreá
- sráideanna leathana
- cathair leathan
- dea-thógtha
- Leabhar XVI rinne Patroclas iarracht na ballaí a dhreapadh trí huair
- Leabhar VI fuair Eachtar Andromache ag an túr mór in Ilium in aice leis an nGeata Scaean

- Book XXII - Nuair a maraíodh Eachtar, dhirigh Rí Priam, a athair, ar an nGeata Dardanian.

Tionchair ina dhiaidh sin: Féach treoirilinte na chéad bhliana.

8. Tagairtí:

Moorehead, C.: *The Lost Treasures of Troy*, Weidenfeld and Nicolson, 1995

Wood, M.: *In search of the Trojan War*, BBC, 1987

Hóiméar: *The Iliad and The Odyssey*, (Penguin Classics)

Virgil: *The Aeneid Book II: End of Trojan War*, (Penguin Classics)

Woodford S.: *The Trojan War in Ancient Art*, Duckworth, 1993

Askin, M.: *Guidebook of Troy (Ilium)*, Keskin Colour, Iostanbúl

Tagairtí do Dhaltaí:

Green, R.T.: *Heroes of Greece and Troy*, Bodley Head, 1960

The Luck of Troy, Penguin Puffin, 1967

The Tale of Troy, Penguin Puffin, 1970

Tales of the Greek Heroes, Penguin

Cothell, Leonard: *The Bull of Minos*, Facts on File, Oxford

Fís: Tá fis bunaithe ar leabhar Wood *In Search of the Trojan War* ar fáil faoi láthair. An costas atá ar sé theip uair an chloig ná £240, a bheag nó a mhór. BBC Books teileafón 0044 181 5762000.

Topaic 5 AN ACRAPOIL AITHNEACH

Tá an topaic seo bunaithe ar fhoirgnimh Pheiricléis ar an Acrapoil. Choimisiúnaigh Peiricléis (500-429 R.C.) na foirgnimh ar an Acrapoil, ag baint úsáid as an airgead a fuarthas ón gConradh Déiliach. D'éirigh an Aithin mar ionad ealaíonta intleachtach agus polaitiúil na Gréige. (Féach treoirilinte na chéad bhliana, alt 2.7 (vii)).

1. Ba cheart go mbainfí úsáid as léarscáil ar an Aithin agus as plean ar an Acrapoil ag taispeáint Amharclann Dhinísis chun an topaic seo a léiriú.

2. Stair na hAcrapoile

- Suíomh áitribh Neoiliteach
- Cultúr Páláis Cré-Umhaois (Cecrops, Erechtheus)
- Teampall Iarannaois
- Teampall d'Aitéiné Séú hAois R.C.: scriosta ag na Peirsigh
- Foirgnimh Pheiricléis Cúigiú hAois R.C.
 - o **Partanón**
 - o **Erechtheum**
 - o **Teampall d'Aitéiné Nike**
 - o **Propylaea**
- Críostú na dTeampall Cúigiú hAois AD
- Suíochán easpag na hAithne ba ea an Acrapoil Seachtú hAois
- Partanón: Caitliceach Rómhánach Tríú hAois déag
- Propylaea: pálás Ceathrú hAois déag
Díláithrithe ag na Veinéisigh agus forghafa ag na Turcaigh arís
- Partanón: mosc Cuireadh na miontúir leis sa chúigiú hAois déag
- Propylaea Titim pháirteach sa seachtú hAois déag tar éis do thintreach é a bhualadh
- Bhí an Acrapoil á húsáid ag na Turcaigh chun púdar gunna a stóráil. Bhuail na Veinéisigh í sa bhliain 1687.
“Marmair” tugtha ag Lord Elgin go Londain leis; tá siad i Músaem na Breataine anois.
1810

Peiricléas (490 -429 R.C.)

- Státaire Aithneach a bhí ann
- Ball de chlann Alcmaeonidae (de thaobh a mháthar)
- Bhí a athair tábhachtach i réimse na polaitíochta; chloigh sé Xeirxéas i Mycale
- á oiliúint ag Anaxagoras
- Ba chompánach ar feadh a shaoil de chuid Aspasia Mhiléatas é (féach dealbh i leabhar Richter, *A Handbook of Greek Art*)
- Bhí mac aige le hAspasia. Cuireadh chun báis í tar éis Cath Arginusae sa bhliain 406 R.C.
- Bhí sé i mbun an Chonartha Dhéiligh, rud a chuidigh le cruthú na himpireachta Aithní
- A éifeacht ba mhó mar phátrún ealaíne agus litríochta
- Ba iad Sofaicléas, Heireadótas agus Féidias a chairde pearsanta, agus bhí meas ag Túicídídéas air
- Maorga suaimhneach le linn a thrialach
- An cainteoir ba thábhachtaí san Ecclesia
- Ceannaghaidh shonrach, le héadan ard neamhchoitianta
- Ginearál i gceannas (*strategos*) idir na blianta 443-429 R.C.
- Choimisiúnaigh Peiricléas na foirgnimh ar an Acrapoil agus chríochnaigh sé “an Balla Fada” idir an Aithin agus Piréas. Sholáthair na tionscadail seo an-fhostaíocht do na daoine
- Fuair sé bás sa phlá sa bhliain 429 R.C.
- Tá portráid ar Pheiricléas a rinne Kresilas i Músaem na Vatacáine

(Féach Túicídídéas, *The Peloponnesian War*, Leabhar 1, línte 140-144; Leabhar 2, línte 35-46 (óráid sochraide cáiliúla); Leabhar 11, línte 60-64; Plútarc, *The Rise and Fall of Athens* (Peiricléas).

Foirgnimh Pheiricléis, Cúigiú hAois R.C.

Bhí an Propylaea, an Partanón, an Erechtheum agus an Teampall d’Aitéiné Nike coimisiúnaithe ag Peiricléas. Bhí an Propylaea agus an Partanón beagnach curtha i gcrích sula bhfuair sé bás sa bhliain 429 R.C. ach níor cuireadh tús le hobair tógála ar na foirgnimh eile faoin am seo.

<u>Foirgneamh</u>	<u>Ord</u>	<u>Ailtire</u>	<u>Dáta</u>
(i) Propylaea	Dórach	Mnesicles	447-432 R.C.
(ii) an Partanón	Dórach	Callicrates	437-432 R.C.
		Ictinus	
(iii) Erechtheum	Iónach	Mnesicles	421-406 R.C.
(iv) Aitéiné Nike	Iónach	Callicrates	427-424 R.C. ((teampall) 410-407 R.C (uchtbhalla)

(Féach J. J. Pollitt, *The Art of Ancient Greece*, caibidil 11.)

(i) An Propylaea

- Bearna Gheata
- Cúigiú hAois R.C. (437 - 432 R.C.)
- Ní raibh sé curtha i gcrích riamh mar gheall ar Chogadh na Peilipinéise
- Colúin sheachtracha Dhóracha (le colúin inmheánacha Iónacha)
- Coimisiúnaithe ag Peiricléas
- Ba é Mnesicles an t-aitire
- Halla lárnach le colúin Iónacha a roinn an foirgneamh ina thrí phasáiste
- Síleáil mharmair le painéal suncáilte (rinne Pausanius tagairt di)
- Marmar ó Shliabh Pentelicus le sonraí i gclóch dhubh ó Eileois
- Bhí fríos le triglifeanna agus le meatóip neamhdhealbhaite ag gach póirseáid
- Seomra le pictiúir de chuid Polygnotos ar thaobh amháin
- Beartaíodh struchtúr peidiméide ach níor cuireadh tús leis riamh
- Geata adhmaid le fásáil cré-umha a bhí iontu

(ii) An Partanón

- Dórach
- Cúigiú hAois R.C. (447 -432 R.C.)
- Coimisiúnaithe ag Peiricléas
- Tiomnaithe d' Aitéiné Partanón (Maighdean)
- Cuireadh an struchtúr i gcrích sa bhliain 438 R.C. nuair a cuireadh an dealbh óir agus eabhair isteach. Tiomnaíodh an teampall d' Aitéiné, an Mhaighdean. Coinníodh den tsnoíodóireacht go dtí an bhliain 432 R.C.
- Ailtirí
 - Callicrates
 - Ictinus
- Dealbhóir
 - Féidias agus a dhaltaí
- Ba é marmar ó Shliabh Pentelicus an t-ábhar a úsáideadh
- Tógadh é ar láithreán ar a raibh teampall d' Aitéiné roimhe sin, teampall ar scrios na Peirsigh é
- Lean líon na gcolún foirmle ar leith le linn na ré seo: ba mhó faoi dhó líon na gcolún ar fad ná líon na gcolún ar leithead móide ceann amháin ($F = 2 B + 1$). 8 x 17 ba ea an fhoirmle sa Phartanón. Tugadh leagan amach normálta ar an leagan amach seo. (Féach Richter, *Handbook of Greek Art*, le haghaidh leagan amach.)
- Dhá sheomra

(i) An cella, ina raibh dealbh óir agus eabhair a chruthaigh Féidias

- (ii) An ciste taobh thiar den *cella* a dtugtar an Partanón air agus a thug don teampall a ainm. Féach Cook, *The Elgin Marbles*, Músaem na Breataine, 1984, lch. 12-13.

- Trí phríomhréimse dealbhóireachta:

- Peidiméidí - breith Aitéiné (Thoir)
- Coimhlint idir Aitéiné agus Poiséadón (Thiar)

- Fríos Seachtrach - na Lapiths v. na Ceinteáir (metopes) - Déithe v. Arrachtaí
- Aithnigh v. Amasónaigh
- Gréagaigh v. Traígh

(Sheas an fríos seachtrach do shibhialtacht in aghaidh barbarachais.)

- Fríos inmheánach - Mórshiúl Panathenaea. (Féach treoirlínte na chéad bhliana, alt 2.7, IX - X ,lch. 72, le haghaidh tráchtanna ar Mhórshiúl Panathenaea.) Féadfar léaráid ag léiriú leagan amach an fhríosa i leabhrán sleamhnán Mhúsaem na Breataine.

- Ba cheart go dtaispeánfaí roinnt pictiúr nó sleamhnán ar an bhfríos do dhaltaí. D'fhéadfaí plé a dhéanamh orthu faoi na ceannteidil seo: “Úsáid spáis”, “Réalachas”, “Contrárthacht”.

m.sh. Ainmhí á threorú chun íobartha – pléigh:

- úsáid trasnáin
- comhordú idir grúpa
- réalachas - féitheacha
- seithe
- íslíú an ainmhí
- éadaitheoireacht

- áir mothúcháin i leith an ainmhí - comhbhá

- úsáid ceann agus géag chun ár súile a threorú ar feadh an fhríosa
- Spreagadh an dán “Ode to a Grecian Urn” a chum Keats ón radharc seo

- Péinteáladh an dealbh i dtosach.

Úsáid míníneachta

- Tá an chuma ar línte an Phartanóin go bhfuil siad díreach ach is amhlaidh mar a tógadh cuartha iad chun an seachmall radharc a cheartú. Tugtar míníneacht air seo. Cuarann an stíleabáit agus an taibhléadan aníos agus claonann na colúin amach. Tógadh na colúin le bloisc bheag ar lár chun cosúlacht dhíreach a chur orthu (iontáis).

Gnéithe Neamhchoitianta:

- Tá dhá fhríos ag an teampall, fríos Dórach amháin agus fríos Iónach amháin. Tá an fríos Dórach (triglifanna agus meatóip) ina áit choiteann, ach tá an fríos Iónach (leanúnach) ar an mballa amuigh den cella.
- Tá seomra eile ag an gcúl. Is dócha gur úsáideadh an seomra seo mar chiste agus bhí ceithre cholún inmheánacha Iónacha ann.
- Tá dhá leibhéal de cholúin Dhóracha sa *cella*.

An imchásáil

- gan phatrún i dtús
- cuireadh sciatha cré-umha óraithe leis ina dhiaidh sin. Creidtear gur bhronn Alastar Mór iad tar éis Chath Granicus.

An Dealbh d'Aitéiné sa Phartanón

- chruthaigh Féidias é le hór agus le heabhar
- seasann sí d'Aitéiné, bandia cogaidh
- ag breith fíorach de Bhua (Nike), atá ar cholún Dórach
- tá léiriú de bhreith Pandora le feiceáil ar an mbun.

(Féach Pollitt, *The Art of Ancient Greece: Sources and Documents*, le haghaidh ráitis Pausanius, Phliniais agus Thúicídídéis ar an dealbh.)

(iii) Erechtheum

- Iónach
- Cúigiú hAois R.C. (421 - 406 R.C.)
- Tiomanta - d'Aitéiné Polias (cosantóir na cathrach)
 - Poiséadón
- á choimisiúnú ag Peiricléas
- Ailtire: Mnesicles
- Foirgneamh marmair a bhí ann.
- Ainmníodh é in ómós do Rí Erechtheus, rí luath ar an Aithin
- Foirgneamh neamhghnách ba ea an Erechtheum mar gheall ar na nithe seo a leanas:
 - o Tógadh ar leibhéil dhifriúla é mar gheall ar nádúr claonta na talún
 - o Bhí leagan amach neamhrialta aige mar gheall ar an gcrann ológ reatha, ar an marc píce agus ar thuama Erechtheus
 - Bhí póirse cairiatide agus díon comhréidh ar an taobh theas. Ba phóirsí Iónacha le peidiméidí iad na póirsí ar an taobh thuaidh agus ar an taobh thoir. Bhí balla íseal le colúin ghafa agus le peidiméid ar an taobh thiar.
 - o Bhí trí cellae aige. Bhí an cella príomha tiomanta d'Athena Polias. (Féach Richter, *A Handbook of Greek Art.*)
 - o Bhí inscríbhinní ann a rinne tagairt d'fhir oibre, d'ábhair agus do thuarastail. - Tá sé aitheanta mar gheall ar a aire do mhionphointí:
 - o Ba iad na mullaí cholúin Iónacha na cinn ab áille sa Ghréig, le hornáidí clúdaithe le hór.
 - o Cuireadh coirníní gloine isteach sa ghuilloche; múnluithe de phatrúin uibhe agus saighde agus de phatrúin choirnín agus roithleán
 - o Rinneadh an fríos de chloch dhubh-ghorm ó Eileosis agus bhí fíoracha bána marmair i rilíf ina aghaidh
 - Deirtear gur tuama Ceceops, bunaitheoir na hAithne, é seomra faoi thalamh in iarthar an fhoirgnimh.
 - D'éirigh an Erechtheum mar Eaglais na Maighdine sna Meánaoiseanna agus tiontaíodh é ina theach príobháideach ina dhiaidh sin.
 - Tá ceann de na cairiatidí a ghlac Elgin i Músaem na Breataine faoi láthair - (tá macasamhail di sa Dánlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath.)
 - (Féach Pollitt, *The Art of Ancient Greece*, le haghaidh sonraí ar chostais a bhaineann leis an Erechtheum.)

(iv) Teampall d'Aitéiné Nike

- Iónach – ar an taobh deas de réir mar a théann duine isteach sa Propylaea
- Coimisiúnaithe ag Peiricléas

- Cúigiú hAois R.C. (427 - 424 R.C.)
- Ailtire: Callicrates
- Marmar ó Shliabh Pentelicus
- Comóireann sé bua na nGréagach in aghaidh na bPeirseach
- Gnéithe
 - o *cella cearnógach*
 - o Póirseáid Iónach ar an dá thaobh
Colúin – monailiotach (píosa amháin neamhchosúil le colúin an Phartanóin, atá déanta de chruinnbhloic)
Fríos i rilíf ard ag taispeáint déithe agus radharc catha idir na Gréagaigh agus na Peirsigh
 - o Bhí dealbh peidiméide agus ornáid óir ailtireachta i dtús báire.
 - o Bhí dealbh d’Aitéiné Nike le pomagránait agus le clogad sa Cella
- Uchtbhalla mórthimpeall 410 -407 R.C.
 - o ba mhinic a chonacthas dealbhóireacht den chineál seo sa cheathrú dheiridh den chúigiú hAois R.C.; rinne an éadaitheoireacht thrédhearcach an corp ní ba shuntasáí
 - o Léirítear anseo na fíoracha suite d’Aitéiné agus fíoracha de Nikai, m.sh. Nicé ag baint an cheangail dá cuarán agus Nikai ag tabhairt eallaigh chun íobartha.

(Féach Richter, *Handbook of Greek Art*, nó Woodford, *An Introduction to Greek Art*.)

3. Iarsmaí

- Is iomaí iarsma de na ceithre fhoirgneamh ar an Aithin go fóill. Tá formhór na saothar ba thábhachtaí, lena n-áirítear ceann amháin de na cairiaitidí, i Músaem na Breataine, áfach, mar gur thug Lord Elgin leis é ón Aithin. Tá múnluithe plástair de chuid de na saothair seo ag an Dánlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath.

Dealbha a bhí ar an Acrapoil i dtús báire

- Tógadh dealbha ársa de mhaighdeana aníos ón gcré sa bhliain 1885. Bhí siad scriosta ag na Peirsigh agus curtha i dtalamh ar son sábháilteachta ag na hAithnigh.
- Scrios na Peirsigh dealbh adhmaid d’Aitéiné Polias (cathair). Creideadh gur thit an dealbh seo ó Neamh agus is dócha gur coinníodh i gceann de na teampaill ba shine í.
- Dealbha Fhéideasa
 - o Aitéiné Partanón (Maighdean), in ór agus in eabhar; sa Phartanón

- Aitéiné Promachos (Seaimpín): dealbh chré-umha ollmhór le Cath Mharatóin a chomóradh; féadadh í a fheiceáil ón Muir in aice Sunium (Pausanius). De réir Phlútairc, bhí portráidí ar Pheiricléas agus ar Fhéidias ar an sciath.
- Aitéiné Lemnia - ainmníodh é in ómós do na daoine a thiomnaigh í
- Dealbh de Hygieia (sláinte), iníon de chuid Aescaláipias: tógadh í ar iarratas Pheiricléis chun biseach sclábhaí a gortaíodh le linn thógáil an Phartanóin a chomóradh.
- Dealbh ollmhór de chapall adhmaid chré-umha
- Dealbh agus altóir de Shéas
- Dealbh de Pheirséas a chruthaigh Myron
- Bhí dealbha eachaíochta ar gach taobh den Propylaea.

(Féach Pollitt, *The Art of Ancient Greece*, Foinsí agus Cáipéisí, agus Richter, *A Handbook of Greek Art*.)

Amharclann Dhinísis

- Ar leiceann theas na hAcrapoile
- Tagann sí ón gcúigiú hAois R.C., nuair a tógadh le hadhmad í.
- Chuir Lycurgus amharclann chloiche isteach ina háit sa cheathrú hAois R.C.
- Gníomhaíodh drámaí Aescailis, Shofaicléis, Eoiripidéis agus Arastafainéis san amharclann seo.

Vásaí

Ba cheart go dtaispeánfaí do dhaltaí eiseamláirí d'earraí Gréagacha le fíoracha dearga agus le fíoracha dubha.

Ailtireacht

Féach do cheantar féin le haghaidh eiseamláirí.

Innealtóireacht

Úsáid na gcolún Dórach in innill ghaile. Eiseamláirí díobh siúd sa Mhúsaem Gaile, Teach Srafáin, Co. Chill Dara.

Ceol

“The Ruins of Athens” - Beethoven

“Xerxes” - Handel

Féach freisin Treoirlínte na Chéad Bhliana le haghaidh tionchar ar réimsí eile.

4. Tagairtí:

- Boardman, J.: *Greek Art*, Thames and Hudson, 1981
- Cook, B. F.: *The Elgin Marbles*, Músaem na Breataine, 1984
- Cook, R. M.: *Greek Art*, Pelican, 1972
- Hamilton, E.: *The Greek Way*, Avon Books, 1973
- Jenkins, I.: *Greek and Roman Life*, Músaem na Breataine, 1986
- Kitto, H. D. F.: *The Greeks*, Penguin, 1957
- McLeish, K.: *Greek Exploration and Seafaring*, (Aspects of Greek Life series), Longman, 1972
- Nicols, R. and S.: *Greek Everyday Life*, (Aspects of Greek Life series), Longman, 1978
- Plútarc: *The Rise and Fall of Athens*, Penguin, 1960 (Saol Pheiricléis)
- Pollitt, J. J.: *Art and Experience in Classical Greece*, Cambridge University Press, 1984
- Pollitt, J. J.: *The Art of Ancient Greece: Sources and Documents*, Cambridge University Press, 1990
- Richter, G.: *A Handbook of Greek Art*, Phaidon, 1983
- St Clair, W.: *Lord Elgin and the Marbles*, Oxford University Press, 1983
- Thucydides: *The Peloponnesian War*, Penguin, 1960
- Woodford, S.: *The Parthenon*, Cambridge University Press, 1981
- Woodford, S.: *An Introduction to Greek Art*, Duckworth, 1986

Fís

The Elgin Marbles: sraith BBC “Chronicle”; ar fáil ó BBC Books, teileafón 0044-181-5762000

Sleamhnáin

The Parthenon: Músaem na Breataine

Féach freisin Topaic 2, an Ghréig agus an Pheirs, le haghaidh faisnéis chúlra ar ionradh na bPeirseach, ionradh a bhí freagrach as scrios an teampaill ní ba luaithe d’Aitéiné ar an Acrapoil.

Topaic 6 **AISTEAR AEINÉIS**

Is é seo a leanas an t-ábhar atá leagtha síos don topaic seo: Virgil, Aeneid, Leabhair I, II, IV agus VI (féach siollabas an Léinn Chlasaicigh).

1. Virgil (70 -19 R.C.)

- An file Rómhánach ab fhearr
- Rugadh de stoc tuathánaigh é ar an 15ú Deireadh Fómhair 70 R.C. ag Andes, gar do Mantua
- Ba é Siron, an tEipiciúrach, duine dá mhúinteoirí
- Níor ghlac sé aon pháirt sa saol míleata ná polaitíochta ach bhí sé cairdiúil le daoine a raibh baint acu leis na réimsí seo.

- Príomhshaothair:

- o na hEaclóga (Búcolaigh): deich ndán thréadacha, bunaithe ar shaothar Theocritus de Syracuse, duine a bhí mar bhunaitheoir na filíochta tréadaí. Tuairtar sa cheathrú Eaclóg breith páiste a bheith bainteach le Ré Órga nua.
- o *Georgics Seoirsic*: saothar teagascach i gceithre leabhar ar fheirmeoireacht

Leabhar I - ag cur na talún

Leabhar II - crainn

Leabhar III - eallach agus capaill

Leabhar IV - beacha (folaítear an scéal ar Oirféas agus Eoraidicé sa leabhar seo freisin)

Ba é Héisiad an eiseamláir don dán seo.

- o Pléitear san *Aeneid* bunú finscéalach Lavinium mar gheall ar Aeinéas, ainm a athraíodh go Alba Longa ina dhiaidh sin faoi Ascanius, a mhac, agus ar tugadh an Róimh uirthi faoi Romalás. Cumadh an eipic seo tar éis Chath Actium (31 R.C. san aon bhliain déag dheireanacha de shaol Virgil). Shonraigh an cath seo deireadh phoblacht na Róimhe agus tús Impireacht na Róimhe faoi Ágastas (Octáivian).

2. Spreagadh na nEipicí Gréagacha agus Rómhánacha:

- o Hóiméar - siamsaíocht a chur ar fáil trí scéal maith
- o Virgil - (a) éachtaí na Róimhe agus Ágastais a cheiliúradh (an Domhan Thíos; sciath; cáilíocht Aeinéis)
(b) mar shiombail don mheas a bhí aige ar Hóiméar (Féadfar na chéad sé leabhar a chur i gcosúlacht leis an *Odyssey* agus na sé leabhar dheireanacha a chur i gcosúlacht leis an *Iliad*.)

3. Filíocht Eipice

- o Dhá chineál - Príomha (béil) - Hóiméar
- Tánaisteach (scríofa) - Virgil (*Táin*)

- Sainmhíniú - laoi fhada i stíl uasal ar laochra a bhí inti
 - Meadaracht: chum Virgil an *Aeneid* in dhá leabhar déag de heicsiméadair úsáid as an heicsiméadar dachtaileach (líne sé troithe meadarachta).
 - Mar go bhfuil eipic Vigil i bhfoirm scríofa, tá an léitheoir i mbun luas an scéil (Féach Topaic 1). Ní raibh gá sa chás seo le teicnící a bhí riachtanach in eipic phríomha chun cuidiú leis an scéalaí a scéal a insint, mar sin de.
- Is é atá i leabhar Virgil, dá bhrí sin, ná níos lú athrá ach níos mó sonraí.

Ba cheart go dtabharfaí na nithe seo a leanas faoi deara:

- Sleachta fada tuairisciúla
(m.sh. Leabhar I, “Stoirm ar Muir”; Leabhar II, “Bás Priam”)
- Pearsantú (Leabhar I, “Scamaill stoirme”, Leabhar IV, “Ráfla”)
- Úsáid ealaíne (Leabhar I, teampall Dhíodó d’Iúnó; éadaigh bhróidnithe agus suíocháin fhéasta; Leabhar VI, teampall Daedalais d’Apalló – an sciath agus crios Phallas níos moille sa scéal freisin.
- Tairngreacht - cuidíonn sí le neartú an phlota trí mhuinín a thabhairt d’Ainéas leanúint ar aghaidh ar a aistear (cf. Iúpatar, Creusa, Sibille agus Anchises).
- Taispeántaí - Véineas mar mhaighdean óg; Creusa; ceann lasrach Iulus; Spioraid an Domhain Thíos

- Is féidir an fiach a bhí ag Virgil ar Hóiméar a fheiceáil in úsáid na nithe seo a leanas:

- Buafhocail, m.sh. Aenéas Dílis. Tá an buafhocal difriúil ó bhuafhocal Hóiméir mar gur chuir sé síos do shaintréith a bhí le cruthú aige thar na blianta. Bhí Aenéas dílis do na déithe, dá theaghlach agus don stát.
- Samhlacha eipiciúla, Tá dhá chineál acu ann:
 - (a) Hóiméarach - Seo samhail eipiciúil mar a dtugtar duine ar ais go dtí an pointe céanna (déanamh fáinne) - gné de litríocht bhéil; m.sh. i Leabhar I, cuirtear na healaí i gcosúlacht le longa na dTraíoch agus cuirtear Díodó i gcosúlacht le Díána.
 - (b) Virgileach - Seo samhail mar a leanann an scéal ar aghaidh gan an léitheoir a thabhairt ar ais go dtí an pointe céanna; m.sh. Leabhar I; cuirtear an stoirm i gcosúlacht le círeib i dtionól; Leabhar II; tá dul chun cinn an chogaidh cosúil le cur trí thine gort arbhair; Leabhar III;

tá Díodó cosúil le heilit agus cuirtear na Traígh i gcosúlacht le seangáin.

- Plota - cosúil le Hóiméar, ní chuirtear síos ar imeachtaí ar bhonn cróineolaíoch
- tosaíonn an scéal ar muir cóngarach don Chartaig

4. Príomhthopaicí i ngach leabhar

Leabhar I: Teacht Aeinéis sa Chartaig

- Achainí
- Stoirm
- Déithe
- Teacht sa Chartaig
- Tús eolais ar Dhíodó
- Ealaín - dealbhóireacht, mitalóireacht, bróidnéireacht

Leabhar II: Loscadh na Traí

- Capall adhmaid na Traí
- Laocoon
- Sinon
- Androgeos
- Bás Priam
- Fágann Aeinéas an Traí; a chlann
- Imeacht as amharc Creusa

Leabhar IV: Caidreamh Dhíodó agus Aeinéis

- Ról Anna in éascú an chaidrimh
- Ascanius
- Radharc tóraíochta agus uaimhe
- Ráfla
- Mearcair agus cinniúint Aeinéis
- Réitíonn Aeinéas imeacht; a fhulaingt
- Fearg agus féinmharú Dhíodó

Leabhar VI: an Domhan Thíos

- an tSibille
- Teampall d'Apalló a thiomnaigh Daedalus
- Íobairt
- Na coilm agus an chraobh óir
- an Domhan Thíos
 - iontráil – pearsantuithe, ollphéisteanna
 - Carón
 - Ceirbearas
 - réimsí atá bainteach le cineálacha báis ar leith – naíonáin, cúisimh bhréagacha, féinmharú, Díodó (grá), cogadh
 - Tartarus
 - Éilísiam (tabhair íomháineachas faoi deara)
 - Lig fealsúnacht do na spioraid bheith athionchollaithe mar fhíoracha tábhachtacha Rómhánacha
 - Fágann Aeinéas an Domhan Thíos
 - Misenus agus Palinurus
- Carachtair: Féadfaidh na ceannteidil seo a leanas cuidiú le daltaí

- Cé atá gaolta le chéile? srl.
 - Cár bhuail siad le chéile?
 - A ról sa scéal
 - Tréithe, mothúcháin, srl.
 - Tréithe a bhaineann siad amach as daoine eile
 - Críoch - básanna, srl.
 - Ról na nDéithe
 - Ról an ráfla
- Le linn plé a dhéanamh ar thréithe Dhíodó, féadfar ról Anna agus ról na nDéithe in éascú an chaidrimh a phlé chomh maith le ceist ar chailleadh onóra in ionad cailleadh grá mar chúis lena féinmharú agus an ghné dhrámatúil nó histéireach dá pearsantacht, m.sh. maisiú an halla le haghaidh féinmharaithe agus a sá féin.
- Maidir le hAeinéas, féadfar roinnt gnéithe a phlé (féach siollabas an Léinn Chlasaicigh):
- Coimhlint Aeinéis ar roinnt leibhéal le fórsaí an nádúir, leis na déithe agus ar leibhéal mothúchánach le Díodó agus le daoine eile; a chinniúint agus a sheasamh i dtús craobhshleachta fhada ina mbeadh Ágastas sa todhchaí.
 - a dhílseacht do na déithe, dá chlann agus don phobal
 - coincheap Rómhánach an ghrá agus an dóigh a bhfuil sé difriúil le coincheap an ghrá sa saol nua-aimseartha.

5. Tionchair:

Ceol:

Berlioz:	“The Trojans” (tar éis an <i>Aeneid</i> a scríobh Virgil)
Colgrass:	“Virgil's Dream”
Loeffier:	“A Pagan Poem” (tar éis Virgil)
Mozart:	“Idomeneus”
Purcell:	“Dido and Aeneas”

Timpeallacht:

Teach Bhaile Róisín, Gleann Maghair, Co. Chorcaí (Stucó d’Aeinéas le Anchises agus Ascanius ag fágáil na Traí.)

Champs Élysées, Páras - ó Éilísiam sa Domhan Thíos

Mósáic, dealbhóireacht, péintéireacht, taipéis

6. Tagairtí:

Brunt, P. A., and Moore, J. M.: *Res Gestae Divi Augusti*, Oxford University Press, 1981

Camps, W.A.: *Virgil's Aeneid*, Oxford University Press, 1986

Dal Maso, L. B.: *Rome of the Caesars*, Il Turismo, Firenze

Grant, M.: *Roman Literature*, Pelican, 1964

Rose, H. J.: *A Handbook of Latin Literature*, Methuen

Williams, R.D.: *Virgil: Greece and Rome*, New Surveys in the Classics uimh. 1, Clarendon Press, Oxford, 1986.

Topaic 7 **AN TÉATAR RÓMHÁNACH - COIMÉIDE**

Tá an topaic seo bunaithe ar *The Swaggering Soldier* a chum Plátas agus ba cheart go bhfolófaí anseo faisnéis bhunúsach ar an gcúlra ar choiméide Rómhánach (féach siollabas an Léinn Chlasaiceigh).

1. - Ba iad an bheirt scríbhneoirí ba thábhachtaí sa Téatar Rómhánach ná
 - Plátas (an tríú hAois R.C.)
 - Terence (an dara hAois R.C.)

- Plátas (c. 254 R.C. – 184 R.C.)
 - o rugadh in Umbra i lár na hIodáile é. Bhí a theaghlach bocht
 - o d'oibrigh sé mar chúntóir stáitse
 - o tá aon dráma fiche dá chuid ar fáil fós

bhí a dhrámaí bunaithe ar Nua-Choiméide Ghréagach, go háirithe drámaí Mheineáandar. Tugadh *palliatae* orthu mar gur caitheadh feisteas Gréagach (*pallium* = fallaing Ghréagach. Tugadh *togata* ar dhráma i bhfeisteas Rómhánach.)

Bhain sé úsáid as ainmneacha Gréagacha is suímh Ghréagacha, mar nár fhéad an drámadóir Rómhánach daoine Rómhánacha tábhachtacha a aoradh le linn ré Phlátais. Ceadaíodh aoir i gcoiméide Ghréagach, áfach.

Ceoladh nó canadh dhá thrian den dráma agus tionlacadh le fliúit é. Tugadh *cantica* ar na sleachta a canadh. Thaitin an dráma le mórán gnáthdhaoiné.

- Terence (c. 195 R.C. - 160 R.C.)
 - o Rugadh sa Chartaig san Afraic Thuaidh é
 - o tháinig sé ar an Róimh mar sclábhaí ach oileadh é sa stíl phaitríoch
 - o níl ach sé cinn dá chuid drámaí ar fáil fós

- bhí lucht féachana difriúil le lucht féachana Phlátas. Mheall a chuid drámaí lucht féachana ní ba chultúrtha d’uaslathaithe Rómhánacha
- cosúil le Plátas, d’imir Nua-Choiméide Ghréagach, agus go háirithe saothar Mheineándar, tionchar air.

2. Cúlra ar Choiméide Rómhánach

- Ba í coiméide an fhoirm ealaíne ab iomadúla san amharclann Rómhánach
- stáitsíodh í le linn féilte, mar shampla na *Ludi Romani* (Cluichí Rómhánacha). D’fholaigh na féilte seo mórshiúlta, rásaíocht carbad, seónna gliaireachta, dornálaíocht agus téadchleasaíocht freisin.
- tugadh *grex* ar an gcomhlacht aisteoireachta (ealbha). Ba é sa chomhlacht seo ná sclábhaí, agus fir a bhí iontu go léir. Tugadh duaiseanna le haghaidh an chruthaithe ab fhearr.

3. Feistis: gnásanna

- Chaith seanfhir fallaingeacha fada bána, féasóga fada bána agus peiriúicí
- Chaith seanfhear saibhir fallaing fhada chorcra, féasóg fhada bhán agus peiriúic
- Bhí peiriúicí dorcha ag fir óga
- Bhí léine ghairid dhonn agus peiriúic dhearg ag an sclábhaí
- Chaith an striapach fallaing dhearg
- Chaith na haisteoirí cuaráin agus slipéir

Maise - Buntáistí - fuaim
 - d’fhéad siad athrú ó charachtar amháin go charachtar eile go réidh

Míbhuntáistí - an dreach céanna ar fud an dráma
 - cineálacha daoine in ionad daoine aonair

4. An amharclann

- Le linn ré Phlátas agus Terence, ní raibh aon amharclanna buana. Cuireadh na drámaí i láthair ar stáitse íseal adhmaid i staidiamáí mar aon leis an Circus Maximus go minic.
- Ina dhiaidh sin, bhí an amharclann Rómhánach déanta d’adhmaid agus cosúil le hamharclann Ghréagach ina leagan amach, ach amháin gurbh oirceastrá D-chruthach é an t-oirceastrá san amharclann Rómhánach agus bhí an halla ceangailte le foirgnimh an stáitse. Bhí trí dhoras ag an stáitse. Thug siad an deis chun cúléisteachta. Bhí an

amharclann gan díon ach ba mhínic a cuireadh díonbhrat ar fáil le haghaidh scátha. Tógadh halla na hamharclainne Rómhánaí ar áirsí in ionad isteach i leiceann cnoic. (féach freisin lch. 50.)

- Difríochtaí idir an téatar le linn na haimsire sin agus téatar ár linne
 - cruth na n-amharclann
 - stáitse
 - maisc
 - fir ba ea iad na haisteoirí go léir
 - véarsaíocht
 - úsáid réamhrá – baintear úsáid as clár sa lá atá inniu ann
 - bhí tábhacht ní ba mhó ag gothaí
 - bhí ní ba lú gluaiseachta
 - bhí páirt thábhachtach ag an gceol
 - chuidigh maisc agus cruth na hamharclainne le fuaim
 - amuigh faoin aer

- Lucht féachana - gach saghas duine: fir, mná, uaslathaithe agus sclábhaithe
- Bhí na suíocháin saor in aisce
- Bhíothas ag súil leis na nithe seo a leanas ó na carachtair:
 - Ceol, damhsa agus amhránaíocht
 - greann ropánta (ula mhagaidh)
 - scéalta grinn
 - seachfhocail
 - pleidhcíocht
 - cleasaíocht
 - áibhéil

- Ba ghné de choiméide Rómhánach iad carachtair bhuanchrutha, lena n-áirítear na carachtair bhuanchrutha seo a leanas:
 - saighdiúir maíteach
 - cúpla
 - paraisít
 - seanfhear
 - striapacha
 - sclábhaithe – éirimiúil agus maolaigeanta

- Ba ghné eile de choiméide Rómhánach iad cásanna buanchrutha, agus d'fholaigh siad na nithe seo a leanas:

- seachfhocail
 - pleidhcíocht dhealraitheach
 - pasáistí rúnda
 - míthuiscint (cúpla)
 - cúléisteacht
- Úsáid sclábhaithe mná mar charachtair. Ní raibh cead ag mná óga neamhphósta dul amach de réir mar a bhí agus ní raibh páirt acu sna drámaí dá bhrí sin. Míníonn sé seo líon na sclábhaithe mná agus striapach i gcoiméide Rómhánach.

5. *The Swaggering Soldier*

Is sonraí tábhachtacha iad na sonraí seo a leanas:-

- Thug Palaestrio réamhrá
 - o a tharraing umhal an lucht féachana air
 - o a mhínigh teideal an dráma - Gréagach agus Rómhánach
 - o a shuigh an radharc in Eifeasas
 - o a rinne trácht ar charachtar Pyrgopolynices
 - o a mhínigh an fáth a raibh Palaestrio, Pleusicles agus Philocomasium in Eifeasas (ba as an Aithin iad go léir) agus an dóigh ar bhuail Pleusicles agus Philocomasium le chéile
 - o a mhínigh an dóigh ar ghlac cailín amháin an pháirt mar chúpla agus an dóigh ar chuir sí Sceledrus, an sclábhaí, amú
- Plota agus úsáid cásanna buanchrutha, lena n-áirítear seachfhocail, cúléisteacht, míthuiscintí agus pasáiste rúnda.
- Carachtair
 - o cé hiad? - caidrimh srl.
 - o áit dhúchais agus an áit ar chónaigh siad ann ar feadh an dráma (m.sh. i dteach an tseanfhir nó an tsaighdiúra mhaíte)
 - o ról sa dráma
 - o a dtréithe féin
 - o tréithe a bhaineann siad amach as daoine eile
 - o an rud a tharla dóibh sa deireadh
 - o íomhánna ar leith atá bainteach leo
 - o ar charachtair bhuanchrutha iad? Sin le rá, an saghas carachtair a d'athfhill i gcoiméide Rómhánach m.sh. cúpla, seanfhear, saighdiúir maíteach, sclábhaithe agus mná luí

- ról na mban sa dráma agus na fáthanna nár úsáideadh ach cineálacha áirithe ban mar charachtair
 - ról na sclábhaithe
 - ar athraigh an carachtar ar dhóigh ar bith faoi dheireadh an dráma?
- Samhlaíocht: baineann an-chuid de na híomhánna le gnáthshaol m.sh. seoltóireacht, cócaireacht, tógáil agus arm

Is iad seo roinnt eiseamláirí de na híomhánna:

- Sholáthair bean chleasach a comhábhair féin le haghaidh mias díobhála
 - Cuireadh Palaestrio ag leagan a smige ar a lámh i gcosúlacht le haghaidh a bhí tacaithe ar cholún
 - Bhí an cúpla cosúil le dhá bhuicéad uisce ó thobar amháin nó le dhá bhraon bainne
 - Cuireadh síos ar an gcailín tí mar bhád seolta
 - Bhí Pleusicles gléasta mar mhairnéalach
 - Scaipeadh léigiúin sa bhealach céanna is a bhí an ghaoth ag séideadh duilleog thuí ardaithe de dhíon.
- Gothaí agus Gluaiseacht
- Léirigh gothaí mothúcháin dhifriúla mar go raibh dreach an duine feistithe ag masc
 - Le linn don aisteoir bheith ag labhairt, laghdáíodh gluaiseacht go dtí an méid ba lú ionas go gcloisfí é
- Teachtaireacht i ndráma Phlátáis
- Is teachtaireacht mhorálta í an teachtaireacht in *The Swaggering Soldier* ar an dóigh ar cheart go n-íompródh duine, ar an dóigh a gcloíonn an mhaith an t-olc agus ar an dóigh a gcuirtear pionós ar an Saighdiúir Maíteach faoina spallaíocht agus faoina mhaíteacht.

6. Meath na coiméide

- Thosaigh meath ag teacht ar choiméide sna blianta deiridh den ré Phoblachtach go dtí gur cuireadh mórhaispeántas agus geamaireacht isteach ina hionad le linn ré na hImpireachta.
- D'ordaigh Impire Justinian dúnadh na hamharclainne sa séú hAois A.D.

7. Tábhacht na coiméide Rómhánaí:

- (a) tugann sí léargas dúinn ar shaol na ngnáthdhaoine
- (b) d'imir sí tionchar ar dhrámaíocht Eorpach ina diaidh
 - geamaireacht
 - Punch and Judy
 - Shakespeare (*Comedy of Errors*; Falstaff)
 - Ben Jonson
 - Commedia dell'arte
 - coiméide Fhrancach – Molière
 - ceoldráma – Mozart, Rossini

8 Tagairtí:

Arnott, W. G.: *Menander, Plautus, Terence. Greece and Rome*, New Surveys in the Classics uimh. 9 Clarendon Press, Oxford, 1975

Finley, M. I.: *The Idea of a Theatre. The Greek Experience*, Músaem na Breataine, 1980

McLeish, K.: *Roman Comedy, Inside the Ancient World*, Macmillan Education, 1982

Harvey, P.: *The Oxford Companion to Classical Literature*, Oxford University Press, 1984 (féach cúl an leabhair le haghaidh léaráidí d'amharclanna Gréagacha agus Rómhánacha)

McLeish, K.: *The Greek Theatre*, Aspects of Greek Life Series, Longman, 1972

Simon, E.: *The Ancient Theatre*, (arna aistriú ag C.E. Vafopoulou) -Richardson U.P., 1982

Taylor, J. R.: *The Penguin Dictionary of Theatre*, 1970

(Féach freisin siollabas an Teastais Shóisearaigh i Léann Clasaiceach.)

Topaic 8 SAOL AGUS RÉ JULIUS CAESAR

Tá an topaic seo bunaithe ar bheathaisnéis Phlútairc ar Caesar.

1. Faisnéis chúlra

Rugadh Julius Caesar ar an Róimh isteach i gclann uaslathach a d'éiligh gur de shliocht Iulus, mac Aeinéis, í. sa bhliain 100 R.C. Fuair a athair bás nuair a bhí sé cúig bliana déag d'aois.

D'ullmhaigh Cornelia, a mháthair, é don ról mar shaighdiúir agus státaire. Ba é Gniphó a theagascóir. Ba dhúchasach na Gaille é a bhí ina scoláire sa Ghréigis agus sa Laidin. Phós Caesar trí huair. Ba iad Cornelia, Pompeia agus Calpurnia a mhná céile. Ba í Iúilia iníon Caesar agus Cornelia. Phós sí Poimpéas.

Cé gur de shliocht uaslathach é, mealladh Caesar i dtreo pholaitíocht pháirtí na ngnáthdhaoine. Ba é Mairias ceannaire an pháirtí seo. Bhí roinnt post tábhachtach aige. Ceapadh é mar threabhann

míleata sa bhliain 68 R.C. agus toghadh é mar Phríomhphontáif, post a raibh ráchairt mhór air agus tábhachtach ó thaobh na polaitíochta de, sa bhliain 63 R.C.

Bhí sé ar an bPraetóir sa bhliain 62 R.C. agus bhí a chéad chonsalacht aige sa bhliain 60 R.C. Rinneadh Deachtóir de faoi dheireadh.

Chonaecthas óna fheachtais sa Spáinn agus sa Ghail gur shaighdiúir agus gur cheannasaí cumhachtach é. Sholáthair na feachtais seo arm mór dó freisin, rud a mhéadaigh a chumhacht.

Maidir leis an bpolaitíocht de, lagaigh sé an rialtas bunreachtúil trí dhul i gcomhar le Crassus agus le Poimpéas. Tugadh an Chéad Triúracht ar an gcomhaontas seo. Tar éis do Crassus bás a fháil, rinneadh curadh an tSeanaid de Phoimpéas, rud a chuir isteach go mór ar Caesar.

I mí Eanáir sa bhliain 49 R.C., chuaigh sé thar an Rubicon, a shonraigh an teorainn isteach san Iodáil agus thosaigh na cogáí cathartha. Chuaigh sé sa tóir ar Phoimpéas isteach san Éigipt, áit ina bhfuair Poimpéas bás, agus mharaigh sé Scipio i gcath in Thapsus.

Mháirseáil sé ar lorg Cható in Utica ach d'aimsigh sé gur chuir sé lámh ina bhás féin roimhe seo. Bhí formhór na gceannairí poblachtacha marbh faoin am seo agus ceapadh Caesar mar Dheachtóir. Chuaigh sé sa tóir ar mhic Phoimpéis isteach sa Spáinn ina dhiaidh seo.

Ar an 15ú Márta sa bhliain 44 R.C., dhúnmharaigh Brútas agus daoine eile é sa Seanad. Bhí sé sé bliana is caoga d'aois.

2. An Cursus Honorum

Ba é seo an t-ord arbh fhéidir le duine poist pholaitíochta éagsúla a bheith aige sa Róimh agus an tréimhse ama ar ghá dul thart idir gach post. Daingníodh isteach sa dlí sa bhliain 180 R.C. Bhí ar dhuine deich mbliana a chaitheamh san arm sula raibh cúram oifige air. Féadadh na cúraimí oifige a bheith ar dhuine san ord seo a leanas:

- (1) Caestóir
- (2) Aedíleach
- (3) Praetóir
- (4) Consal (bhí an duine timpeall is trí bliana is daichead d'aois faoin am seo).

3. Reiligiún Rómhánach

Bhí na príomhphoist reiligiúnacha ag daoine a bhí tábhachtach ó thaobh na polaitíochta de.

Ba rud úsáideach sa pholaitíocht é sagartacht agus tugadh meas mór uirthi ó thaobh na sochaí de. Bhí ceithre choláiste phríomha na sagart:

- (1) Chónaigh na Pontifí, a bhí faoi réir Pontifex Maximus, sa phálas ag an bhFóram. Bhí siad i mbun an fhéilire agus ba é tríd an bpost seo gur athraigh Julius Caesar an féilire. Bhí dlínse acu ar na sagairt go léir eile, lena n-áirítear na Maighdeana Veisteacha.
- (2) Bhí na Augurs i mbun tuartha a idirmhíniú.
- (3) Rinne na Sacris Faciendis íobairtí.
- (4) D'eagraigh na Epulones féilte.

D'adhair an chlann Rómhánach na Lares agus na Péanátaigh sa bhaile. Ba spioraid a sinsear marbh iad na Lares agus bhí lavarium nó scrín i ngach teach mar a rabhtas ábalta ofrálacha a dhéanamh agus mar a gcoinníodh deilbhíní beaga de na Lares. Ba spioraid iad na Péanátaigh a choimeád súil ar an lardrús. Ghuigh an chlann an dia cuí in amanna an ghátair, agus ba mhinic a d'iompair daoine leo íomhá de dhia ar leith a chuideodh leo agus iad i gcrúachás.

4. Achoimre Téacs

Gairm Caesar roimh a fheachtais sa Ghail

- o Dearcadh Sulla i leith Caesar
- o Gabháil Caesar ag na foghlaithe mara
- o Caesar mar óráidí
- o Dóigheanna a ndeachaigh Caesar i bhfeidhm ar dhaoine
- o Iarrachtaí a rinne sé chun páirtí Mhairiais a athbheochan
- o Comhcheilg Chaitilíne
- o Clóidias agus Féile an Dea-Bhandé

Faigheann Caesar an Spáinn mar a phroibhinse

- o Caradaíonn sé Crassus sula bhfágann sé
- o Cloí na Callaici agus na Lusitani
- o Riarachán
- o Bronntar an teideal mar Cheannasaí Airm air

Filleann sé ar an Róimh agus daingníonn sé a sheasamh

- o Tofa mar Chonsal
- o An Chéad Triúracht le Poimpéas agus Crassus sa bhliain 60 R.C.
- o Déanann sé iarracht na daoine a thabhairt ar a thaobh
- o Cleamhnais
- o Imeaglaíonn sé Bibulus, an dara Consal
- o Tugtar an Ghail mar phroibhinse dó, in aghaidh mhianta Cható
- o Díbríonn sé Cicearó as an Iodáil

- o Freagairt na Seanadóirí do Caesar

Na Cogáí sa Ghail 58 R.C.- 51 R.C.

- 1 Cloí na Tigurini agus na Helvetii
2. Cloí Ariovistus, rí na Germani (tugtar “Gearmánaigh” orthu in Penguin Classics)
3. Cloí na Belgae (tugtar “Beilgigh orthu in Penguin Classics)
4. Cloí na Nervii
5. Téann Caesar thar an Réin sa tóir ar Usipes agus ar Tenteritae agus smachtaíonn sé an namhaid
- 6 Téann Caesar chun na Breataine Móire ón nGail sa bhliain 55 R.C. agus sa bhliain 54 R.C. Tháinig deireadh leis an gCéad Triúracht thart faoin am seo mar gheall ar bhás Iúilia, iníon Caesar, a bhí pósta le Poimpéas, agus mar gheall ar bhás Crassus an bhliain dár gcionn.
7. Éiríonn an Ghail amach agus scriosann Ambiorix roinnt arm Rómhánach (tugtar “Abriorix” air in Penguin Classics).
8. Sna réigiúin iargúlta, éiríonn na Arvemi, na Carnuntini agus na Aedui faoi Vercingetorix (tugtar “Vergentorix” air in Penguin Classics). Teitheadh Vercingetorix go Alesia. Cloítear na Sequani.
9. Cuireann Caesar léigear ar Alesia agus tá sé á sháinniú ag dhá fhórsa namhad. D’éirigh leis agus gabhadh Vercingetorix.

Tábhacht na gCogáí sa Ghail

- o Caesar mar shaighdiúir agus mar cheannasaí
- o Saibhreas ó chogaí chun cumhacht sa Róimh a dhaingniú
- o Forleathnú
- o Briseadh teorainneacha, máirseáil isteach san Iodáil agus cogadh cathartha

Ar ais sa Róimh

- o Tosaíonn an eagla atá ar Phoimpéas roimh Caesar
- o Breabaireacht ar na toghthóirí
- o Ceapann an Seanad Poimpéas mar Chonsal aonair
- o Téann Caesar thar an Rubicon. Tá ainrialtacht sa Róimh agus teitheadh Poimpéas agus an Seanad.

Na Cogáí Cathartha

- o an Iodáil, Corfinium - Domitius
- o an Spáinn - Afranius agus Varro
- o an Ghréig, Pharsalus 48 R.C. - Poimpéas
Cató agus Scipio

- | | | | |
|---|------------------------------------|---|---------------|
| | | | Brútas |
| ○ | an Éigipt, <u>Cathair Alastair</u> | - | Aichill |
| ○ | an Áise, <u>Pontas</u> | - | Pharnaces |
| ○ | an Afraic Thuaidh (an Libia) | | |
| | - <u>Thapsus</u> 46 R.C. | - | Scipio |
| | - <u>Utica</u> | - | Cató |
| ○ | an Spáinn, <u>Munda</u> 45 R.C. | - | mic Phoimpéis |

Faoi dheireadh na gcogaí cathartha, níl príomhchéilí comhraic Caesar ann go fóill. Tá Poimpéas agus a mhac is sine marbh, tá Scipio cloíte agus mharaigh Cató é féin. Filleann Caesar ar an Róimh ach tagann laghdú ar ghnaoi na ndaoine air, mar gheall ar chúiseanna éagsúla.

Brútas agus Bás Caesar, 44 R.C.

- Téann na daoine i bhfabhar Bhrútais
- comharthaí bhás Caesar i ngar
- Comhcheilg le Caesar a mharú sa Seanad
- Bás Caesar
- Tarluithe tar éis a bháis

5. Gnéithe Caesar

- | | | | |
|---|-----------------------------------|---|--|
| - | óráidí agus scríbhneoir | → | óráidí sochraide, aistí, stair |
| - | pearsantacht | → | chuaigh sé i bhfeidhm ar dhaoine le fleánna agus seónna |
| - | brabúsaí | → | cleamhnais, comhaontuithe polaitíochta, charadaigh sé daoine saibhre, sholáthair sé arbhar agus fleánna do dhaoine |
| - | treallús | → | d'athraigh sé an féilire, bheartaigh sé tionscadail nua |
| - | saighdiúir agus ceannasaí rathúil | → | an Spáinn, an Ghaill, an Bhreatain Mhór, cogaí cathartha |
| - | trócaire | → | do Bhrútas agus do dhaoine eile tar éis Parsalus |
| - | flaithiúlacht | → | leagaid do gach saoránach Rómhánach |
| - | cruálacht | → | foghlaithe mara, mac óg de chuid Juba, mic Phoimpéis, an Ghaill |
| - | calaois | → | breabaireacht chun vótaí a fháil |
| - | piseogach | → | creideamh i dtuartha |

An dóigh ar tháinig Caesar i gcumhacht

- (1) trí pháirtí na ngnáthdhaoine a neartú agus trí cheansú na ndaoine

- (2) trí dhaoine tábhachtacha a charadú, daoine a chuideodh leis cumhacht a bhaint as an Seanad (Triúracht)
- (3) trí shaibhreas agus arm cumhachtach a fháil, go háirithe le linn a fheachtas sa Ghail
- (4) trí dhíbirt a chéilí comhraic sna cogáí cathartha
- (5) trí áitiú le hóráidíocht agus le háibhéil

Gnáthshaol sa Róimh sa chéad Aois R.C.

